Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Aistear

## Creatchuraclam na Luath-Óige
## The Early Childhood Curriculum Framework

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
2024



# An Clár Ábhar


Réamhrá ón Aire Oideachais 2

Réamhrá ón Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 3

Réamhrá 6

An Fhís 9

Cuspóir 13

Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha 15

- Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda 16
- Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú 16
- Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí 17
- Teaghlach agus Pobal 17
- Oideoirí Gníomhaíocha 18
- Aistrithe 18
- Forbairt agus Foghlaim Iomlánaíoch 19
- Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla 19
- Timpeallachtaí Foghlama 20

Téamaí 21

- Folláine 22
- Féiniúlacht agus Muintearas 24
- Cumarsáid 26
- Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht 28

Gluais 30

# Réamhrá ón Aire Oideachais


Is cloch mhíle thábhachtach le haghaidh earnáil na Luathfhoghlama agus an Chúraim é an leagan nuashonraithe de *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* a bheith foilsithe, i bhfianaise na bhforbairtí iomadúla a tharla ó foilsíodh in 2009 é nuair a bhí sé ceannródaíoch mar an chéad chreatchuraclam riamh le haghaidh na luath-óige. Leagtar béim sa taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta araon ar a thábhachtaí atá an chéim luath-óige mhúnlaitheach den fhoghlaim agus den fhorbairt. Tuigimid go bhfuil sé fíorthábhachtach spéis na leanaí óga san fhoghlaim, agus a ngrá di, a chothú ar mhaithe lena gcuid folláine, forbartha agus eispéireas foghlama ar feadh an tsaoil.

Ach *Aistear* a nuashonrú in am trátha, léirítear athruithe sa tsochaí, lucht saothair atá níos cáilithe agus níos gairmiúla ná riamh in earnáil na luath-óige, athruithe ó thaobh beartais de agus forbairtí ó thaobh taighde de mar aon le hathruithe ar thaithí saoil na naíonáin, na lapadán agus na leanaí óga. Ba í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), i ndlúthchomhar le hearnáil na Luathfhoghlama agus an Chúraim, a chuaigh i mbun an nuashonraithe. Cuid nuálach den phróiseas nuashonrúcháin ba ea an comhairliúchán le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga.

Táthar tar éis níos mó béime a leagan ar eispéiris a thacaíonn le cruthaitheacht leanaí agus lena rannphháirteachas sna healaíona, sa litearthacht agus san uimhearthacht éiritheach, agus san oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), mar aon leis an aitheantas leanúnach don ról ríthábhachtach a bhaineann leis an bhfoghlaim ar bhonn súgartha. Croíchuspóir atá ag *Aistear* nuashonraithe is ea úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i dteanga laethúil na n oideoirí agus iad ag idirghníomhú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, agus cuirim fáilte mhór roimh an gcuimsiú seo agus an t aitheantas a thugtar ann dár stair shaibhir chultúrtha agus theangeolaíoch.

Tá *Aistear* inúsáidte ag gach duine a thacaíonn le foghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga agus go háirithe acu siúd a oibríonn i róil phroifisiúnta mar oideoirí luathbhlianta. Cé nach bhfuil an Creat nuashonraithe deartha go sonrach lena úsáid i ranganna na naíonán sóisearach agus sinsearach a thuilleadh, is amhlaidh atá baint aige fós a mhéid a bhaineann leis na cuir chuige oideolaíochta a úsáidtear. Táim fíorshásta go ndearnadh *Aistear* a ailíniú le *Creatchuraclam na Bunscoile* (RO, 2023) ós rud é go gcothaíonn sé sin leanúnachas tábhachtach i bhfoghlaim agus in eispéiris na leanaí de réir mar a aistríonn siad idir suíomhanna oideachais.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus lena oifigigh as a gcuid rannpháirtíochta comhoibríche le mo Roinn agus le CNCM san fhorbairt thábhachtach seo. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair le chéile de réir mar a thugaimid tacaíocht d'earnáil na luathfhoghlama agus an chúraim agus *Aistear* á chur i bhfeidhm aici ar bhonn leanúnach.



**An tAire Norma Foley TD**

An tAire Oideachais



# Réamhrá ón Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Le linn na luath-óige, bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim agus ag forbairt ar luas níos gasta ná céim ar bith eile ina saol. Is iontach na deiseanna a chuirtear ar fáil le linn na tréimhse seo chun bunchloch thábhachtach a leagan síos don fhoghlaim agus don fholláine amach anseo. Sa luath-óige, bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim trí shúgradh, spraoi, fiosrúchán agus comhrá laistigh de chaidrimh cheanúla iontaobhacha mheasúla. Is é an léargas ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a chuirtear chun cinn in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* gur foghlaimeoirí gníomhaíocha inniúla muiníneacha iad laistigh de chaidrimh cheanúla mheasúla. Déantar ceiliúradh sa Chreat ar an luath-óige mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an leanbh ag foghlaim ó eispéiris luatha de réir mar a thiteann siad amach.

Ó foilsíodh *Aistear* den chéad uair, is iomaí athrú atá tagtha in earnáil na luathfhoghlama agus an chúraim araon agus sa tsochaí i gcoitinne. Is féidir le duine ar bith a thacaíonn le foghlaim agus le forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga leanúint den Chreat a úsáid, cuir i gcás tuismitheoirí, feighlithe agus oideoirí luathbhlianta. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas na n oideoirí agus na bhfeighlithe maidir le cur i bhfeidhm *Aistear* go dtí seo; tá ról nach beag acu maidir le heispéiris luathfhoghlama ardchaighdeáin a chur chun cinn do leanaí óga i dtimpeallachtaí foghlama éagsúla.

Cuirim fáilte mhór roimh an mbéim láidir laistigh den Chreat ar ghuth na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga, agus cuirim fáilte roimh an ról lárnach a bhí acu maidir leis na nuashonruithe ar *Aistear* a mhúnlú. Cinntíodh le cur chuige comhoibríoch go raibh an Creat nuashonraithe i gcomhréir leis na tiomantais in *Na Chéad 5, an Straitéis Uile-Rialtais le haghaidh Naíonán, Leanaí Óga agus a dTeaghlach 2019–2028*, agus go leanfaidh *Aistear* de shaol na leanaí agus a dteaghlach a léiriú agus tacú leis go ceann na mblianta, rud a léiríonn an chaoi ar forbraíodh an Creat bunaidh.

Táim thar a bheith sásta freisin go neartaíonn an Creat an fócas ar chearta na leanaí, oideolaíocht mhall chaidreamhach, éagsúlacht agus ionchuimsiú, foghlaim amuigh faoin aer, folláine agus inbhuanaitheacht. Aithnítear go bhfuil ár dteanga, ár bhféiniúlacht agus ár muintearas fite fuaite go dlúth agus focail, frásaí agus seanfhocail Ghaeilge le feiceáil ar fud an Chreata.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) as a ceannaireacht san obair seo agus leis na heagraíochtaí, na gníomhaireachtaí agus na taighdeoirí a chuir le *Aistear* a nuashonrú. Mo bhuíochas go háirithe leis an líon mór oideoirí, tuismitheoirí agus naíonán, lapadán agus leanaí óga ar fud na tíre a chuir a gcuid barúlacha agus léargas ar fáil de réir mar a chuathas ar aghaidh leis an obair. Mar fhocal scoir, buíochas leis an Aire Oideachais agus lena hoifigigh as an obair chomhoibríoch a rinne siad linn. Is tábhachtach a bheidh an chomhpháirtíocht leanúnach idir an Roinn Leanaí, an Roinn Oideachais, CNCM agus earnáil na luathfhoghlama agus an chúraim agus iad uile ag obair le chéile lena chinntiú go leanann cur i bhfeidhm leanúnach an Chreata de bheith ag tacú le heispéiris ardchaighdeáin luathfhoghlama agus chúraim do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg.



**Roderic O'Gorman TD**

An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige







# Réamhrá


Ba í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a d'fhoilsigh *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* den chéad uair in 2009. Ba é *Aistear* an chéad chreatchuraclam le haghaidh oideachas luath-óige in Éirinn. Déantar ceiliúradh ann ar an luath-óige mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an páiste ag foghlaim ó eispéiris de réir mar a thiteann siad amach, agus is bunchloch thábhachtach é sin don fhoghlaim tráth níos faide anonn agus ar feadh an tsaoil. Mar gurb ionann an luath-óige agus tús turais foghlama a leanfaidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ar feadh an tsaoil, tugtar *Aistear* ar an gcreatchuraclam, focal eile ar thuras.

Tugadh faoi nuashonrú ar an gCreat chun athruithe sochaíocha agus beartais a tharla ó foilsíodh an Creat bunaidh a aithint agus a léiriú. Tugadh faoin nuashonrú freisin chun luas an taighde san oideachas ó bhí deireadh na 2000idí ann a léiriú mar aon leis an bhfoghlaim nua a d'eascair as sin maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus an chaoi ar féidir le hoideoirí é sin a shaibhriú agus a spreagadh mar is cuí. Tá sé beartaithe go leanfaidh an Creat nuashonraithe seo de bheith ag tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga agus de bheith á saibhriú. Tacaíonn an *Treoir don Dea-Chleachtas* leis an gCreat nuashonraithe. Tógtar sa Treoir seo ar na *Treoirlínte don Dea-Chleachtas* (CNCM, 2009) a bhí ann roimhe seo agus tacaítear le hoideoirí chun tuiscint a fháil ar choincheapa nua a tugadh isteach sa Chreat nuashonraithe agus a bheith ag plé leo. Déanfar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le foghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga a chur chun cinn i gcomhréir le beartais ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ón Roinn Oideachais agus beartais níos leithne.

Le linn na luath-óige, bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim agus ag forbairt ar luas níos gasta ná céim ar bith eile ina saol. Is le linn na tréimhse seo, na chéad trí bliana go háirithe, a leagtar na bunchlocha don fhoghlaim, don tsláinte agus d'fhoirmiú na gceangal tábhachtach san inchinn. Is i gcaitheamh an ama sin ar féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga meonta dearfacha i leith na foghlama a fhorbairt freisin. Tá aitheantas in *Aistear* go mbíonn tionchar foirmitheach ag na heispéiris luatha sin agus is féidir go mairfeadh an tionchar sin ar feadh an tsaoil, agus cuirtear eolas ar fáil ann chun luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga a fheabhsú.

Sa luath-óige, bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim trí chaidrimh grámhara iontaobhacha mheasúla, agus trí shúgradh, spraoi, taiscéalaíocht agus comhrá ar bhealaí ilmhódacha. Tá béim in *Aistear* ar lárnacht na dteaghlach, na dteangacha, na meithleacha (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail) agus na gcultúr i saol naíonán, lapadán agus leanaí óga.

Is féidir le duine ar bith a thacaíonn le foghlaim agus le forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga an Creat a úsáid. Déantar tagairt in *Aistear* dóibh siúd a úsáideann an Creat, tuismitheoirí, feighlithe leanaí agus oideoirí luathbhlianta ina measc, mar 'oideoirí'. Tagann gach oideoir chuig *Aistear* bunaithe ar an gcaidreamh atá acu leis an naíonán, lapadán agus leanbh óg, leis an teaghlach, a eolais agus thaithí, chomh maith lena eolas ar ghnéithe na dtimpeallachtaí foghlama éagsula (Fíor 1).





Fíor 1: Oideoirí a bhíonn ag plé le *Aistear*

**Is é *Aistear* an creatchuraclam do gach uile pháiste ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá sé ailínithe le *Creatchuraclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023) atá dírithe ar gach uile pháiste i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta.**


Cuirtear an luath-óige i láthair in *Aistear* trí thrí aoisraon, a bhfuil forluí eatarthu. Léiríonn siad sin na difríochtaí sa chaoi a ndéanann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga dul chun cinn toisc go mbíonn an fhoghlaim agus an fhorbairt uathúil casta iomlánaíoch ag gach aon duine acu. Léirítear sna trí aoisraon fhorluiteacha na céimeanna faoi leith den fhorbairt sa luath-óige agus san am céanna, aithnítear indibhidiúlacht gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig. Aithníonn *Aistear* a thábhachtaí atá gach aon chéim faoi leith, aisti féin.

**Is iad na haoisraonta forluiteacha:**

| | | |
|---|---|---|
| Naíonáin (ó aois na breithe go 18 mí) | Lapadáin (12 mhí go 3 bliana) | Leanaí óga (2.5 go 6 bliana) |




Fíor 2: Struchtúr *Aistear*



# An Fhís

Cuireann *Aistear* ar chumas oideoirí curaclam a fhorbairt chun tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga faoina gcúram. Cothaíonn sé meas ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Cuireann sé treoir ar fáil maidir le forbairt churaclaim éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú ina mbíonn súgradh agus caidrimh bunriachtanach. In *Aistear*, cuirtear dearcadh ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in iúl mar dhaoine gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha. Tarraingítear aird ann ar an gcaoi a bhfuil dearcadh an oideora ar an naíonán, lapadán agus leanbh óg lárnach chun cuidiú leo a gcumas féin a bhaint amach.

Tarraingítear aird in *Aistear* ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir oideoirí, naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, teaghlaigh agus pobail. Cuidíonn sé sin lena chinntiú gur féidir le gach naíonán, lapadán agus leanbh óg a bheith faoi rath agus faoi bhláth agus le cur le domhan níos inbhuanaithe ach cúram a dhéanamh díobh féin, de dhaoine eile agus den chomhshaol. Tacaíonn an Fhís le foghlaim chruthaitheach neamhspleách agus le forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga, agus éascaítear agus tacaítear leis sin a bhuí le hoideoirí a bhfuil meas acu ar a n-ilchineálacht agus a bhfuil gean acu orthu.



## Íomhá an naíonáin, lapadáin agus linbh óig

In *Aistear*, aithnítear naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mar dhaoine gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha. Is ionann a bheith gníomhaíoch agus guth agus tionchar a bheith acu ar a gcuid foghlama féin. Tá a gcumas gníomhúcháin le feiceáil sa bhealach ina n-athraíonn siad saol na ndaoine thart timpeall orthu go praiticiúil agus go mothúchánach. Bíonn tionchar acu ar chaidrimh, ar chinntí agus ar fheidhmiú a saol sóisialta.





Déanann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga foghlaim agus forbairt laistigh de chaidrimh cheanúla mar a n-aithnítear a scéal féin a bhíonn ag gach duine acu ar bhealach cineálta machnamhach. Déanann gach naíonán, lapadán agus leanbh óg faoi leith foghlaim agus forbairt ina am féin agus ar a bhealach féin. Baintear feidhm in *Aistear* as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí mar a n-aithnítear an cumas ar leith atá ag gach naíonán, lapadán agus leanbh óg.

## Íomhá an oideora

Léirítear an t-oideoir in *Aistear* mar dhuine gníomhaíoch, inniúil, muiníneach agus machnamhach. Is éard is brí le bheith gníomhaíoch ná go bhfuil an tsaoirse ag an oideoir a chuid eolais agus scileanna a úsáid chun *Aistear* a léirmhíniú chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt.





Tá muinín ag an oideoir as cumais na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga agus déanann sé cúram dóibh i spás measúil, cosantach. Tuigeann sé luach a róil mar ionadaí ar son chearta na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga. Dá bharr sin, léirítear agus déantar ceiliúradh ar thábhacht an oideachais agus an chúraim luath-óige.






# Cuspóir

Is é is cuspóir le *Aistear* ná tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Tríd seo a dhéanamh, is é a dhéanann *Aistear*:

- sainaithníonn cad agus conas ba cheart do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a fhoghlaim trí churaclam éiritheach, atá bunaithe ar chearta agus ar fhiosrú a fhorbairt
- cuireann chun cinn comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus naisc le teaghlaigh agus pobail na naíonán, na lapadáin agus na leanaí óga
- déanann naisc agus tacaíonn le leanúnachas na n-eispéireas agus dul chun cinn i bhfoghlaim agus i bhforbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga
- treoraíonn, feabhsaíonn agus síneann cuir chuige churaclaim reatha
- cuireann chun cinn féiniúlacht chultúrtha agus teanga na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga uile ach ilchineálacht a dhearbhú agus tacú léi, lena n-áirítear cultúr agus stair agus scéal teanga na hÉireann
- treoraíonn an cleachtas thar réimse de shuíomhanna, disciplíní agus gairmeacha, agus spreagann obair agus comhrá idirdhisciplíneach trí íomhá chomhroinnte den naíonán, den lapadán agus den leanbh óg.








# Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha

Tá *Aistear* bunaithe ar naoi bPrionsabal na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha. Is iad sin bunchlocha an Chreata agus is iadsan a chuireann beocht san fhís don churaclam (Fíor 3). Tá siad neadaithe freisin sna tuairiscíní Téama agus in Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama an Chreata, agus sa *Treoir don Dea-Chleachtas*.

Tá gach Prionsabal leagtha amach ina alt gairid féin. Ansin tugtar léirmhíniú ar an bPrionsabal ó dhearcadh na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga. Tarraingítear aird leis an léirmhíniú sin ar ról an oideora i dtaca le guth agus tionchar a éascú sa luathfhoghlaim agus sa luathfhorbairt, mar aon le moladh a thabhairt do na Prionsabail i gcleachtas agus iad a chur i bhfeidhm.




Fíor 3: Inneachar *Aistear*

## Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda

Is saoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha, inniúla agus mhuiníneacha iad naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Is ionann a bheith gníomhaíoch agus guth agus tionchar a bheith acu agus gur féidir leo roghanna a dhéanamh faoina bhfoghlaim agus le linn a gcuid foghlama. Tá sé de cheart ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga go dtugtar aire dóibh, go gcothaítear iad agus go dtacaítear leo chun fás agus forbairt a dhéanamh. Is féidir leo taithí a fháil ar an daonlathas ach oideoirí a thacaíonn le rannpháirtíocht ghníomhach a bheith ag éisteacht lena nguth agus meas a bheith acu air. Cuid lárnach de sin is ea a bheith ag éisteacht le daoine eile agus foghlaim le meas a léiriú orthu mar aon lena gcuid tuairimí. Mar shaoránaigh den domhan, tá naisc dhoimhne ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le daoine agus leis an timpeallacht, agus is mór acu an ceartas agus cearta an duine.

**“Is saoránach domhanda gníomhaíoch mé agus úsáidimse mo ‘ghuth’ lena léiriú duitse na nithe atá tábhachtach dom – mé a thabhairt faoi deara, a chothú agus freagairt go measúil dom ionas gur féidir liom a bheith neamhspleách agus roghanna a dhéanamh.”**

**“Tá sé de cheart agam go gcosnófaí ar dhochar fisiciúil agus mothúchánach mé agus go mbeadh a fhios agam go gcabhróidh tú liom nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil uaim.”**

**“Tá freagrachtaí orm, freagrachtaí atá ag teacht chun cinn, chun cúram a dhéanamh díom féin, de dhaoine eile agus den timpeallacht. Cuir deiseanna fiúntacha ar fáil dom le go bhféadfaidh mé maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe.”**

**“Tacaigh liom mo theangacha baile a thuiscint agus meas a bheith agam orthu agus meas a léiriú ar dhearcthaí, tuairimí, cultúir, teangacha, creidimh agus eispéiris a bheadh éagsúil le mo chuid féin. Cumasaigh mé le foghlaim faoi luach theangacha, startha, scéalta, bhéaloideas agus chultúr na hÉireann, na cinn siúd atá ag an Lucht Siúil ina measc.”**

## Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

Tá an ceart chun comhionannais deiseanna ag na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga uile, mar aon leis an gceart go gcaitear go cothrom leo agus nach ndéantar leithcheal orthu. Tá sé de cheart acu teacht a bheith acu ar eispéiris fhiúntacha agus a bheith rannpháirteach iontu chun a gcumais féin a bhaint amach mar dhaoine uathúla astu féin. Baineann cothromas sa luath-óige le cothroime maidir le dul i ngleic le haon dúshlán a d’fhéadfadh a bheith roimh naíonán, lapadán nó leanbh óg mar gheall ar a gcúlra nó a gcumas. Léirítear meas agus déantar ceiliúradh ar ilchineálacht an duine féin, na dteaghlach, an bhaile agus an phobail agus, san am céanna, déantar ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh. Ciallaíonn ionchuimsiú go dtugtar tacaíocht do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg, go gcumhachtaítear agus go gcumasaítear iad le bheith rannpháirteach agus le dul chun cinn a dhéanamh in eispéiris fhiúntacha luath-óige.

**“Déan mo chuid inniúlachtaí, féiniúlachtaí, riachtanas agus cumas féin a aithint agus léirigh meas ar mo cheart chun muintearais sa timpeallacht foghlama. Cuir tacaí i bhfeidhm le go gcuirfear ar mo chumas a bheith páirteach agus rannpháirteach ar bhealach fiúntach.”**

**“Déan mé a thabhairt faoi deara, a chothú agus a mhóradh de réir mar a fhásaim aníos agus a fhorbraím.”**

**“Is iad mo theaglach, mo chultúr/chultúir agus mo theanga(cha) d(h)úchais agus m’eitneacht na rudaí a fhágann gur mise mé féin! Tabhair aitheantas dom agus léirigh meas orm. Déan mé a cheiliúradh go cuí agus léirigh meas ormsa, ar mo theaghlach agus ar mo phobal.”**

**“Cabhraigh liom an dóigh le héagóir a aithint agus foghlaim conas é a shárú agus leis an bhfód a sheasamh dom féin agus do dhaoine eile inár bpobail áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda.”**

## Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

Tá bunriachtanas naíonán, lapadán agus leanaí óga le bheith i gcomhluadar daoine eile, neadaithe i naisc chomhbhácha laistigh de chaidrimh grámhara fhreagrúla. Tugann oideolaíocht mhall chaidreamhach am agus spás le bheith i gcomhluadar an naíonáin, an lapadáin agus an linbh óig ar mhaithe le nasc slán a chothú. Féadfaidh caidrimh chómhalartacha tionchar mór a imirt ar fhoghlaim agus ar fhorbairt agus tá cur chuige an phríomhtheagmhálaí lárnach ina leith sin. Déantar cairdeas luath le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga eile a thabhairt faoi deara, a chothú agus a cheiliúradh. Bítear an-chúramach agus tógtar neart ama chun naisc a fhorbairt agus a chothú laistigh de agus idir réimsí sóisialta an naíonáin, an lapadáin agus an linbh óig. Déantar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí leanúnacha aghaidh ar aghaidh a mhóradh agus a chothú, go háirithe i gcás leanaí, trí ghnásanna laethúla agus tráthanna cúraim.

**“Tá am, meas, saoirse agus spás uaim le bheith i m’aonar, in éindí agus le daoine eile – teaghlach, cairde, piaraí agus oideoirí. Tá sé go maith dom freisin aithne a bheith agam ar dhaoine eile i mo phobal áitiúil.”**

**“Tá ceangail láidre dhaingne agam leis na daoine tábhachtacha i mo shaol a thógann am le haithne a chur orm agus le bheith i mo chuideachta. Aithníonn siad féin agus mé féin a luachmhaire atá oideolaíocht mhall chaidreamhach mheasúil.”**

**“Cabhraigh liom mo chuid mothúchán a chomhrialú agus a fhéinrialú agus cabhraigh liom foghlaim faoin gcaoi le bheith i gcuideachta daoine eile, le dul i ngleic le coimhlint agus le fadhbanna a réiteach.”**

**“Taitníonn sé liom nuair a thugtar faoi deara; nuair a chothaítear agus nuair a cheiliúrtar mo chuid cairdis.”**

## Teaghlach agus Pobal

Déanann na daoine a chothaíonn agus a thugann aire do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a saol a shaibhriú. Cuimsíonn sé sin tuismitheoirí, tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla, cúramóirí, muintir, oideoirí agus baill an phobail. Spreagann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, dá réir, spraoi, dóchas agus sonas a shaibhríonn saol daoine eile. Téann toibreacha eolais naíonán, lapadán agus leanaí óga ón mbaile, ón dteaghlach agus ó naisc leis an bpobal, i bhfeidhm ar a gcuid eispéireas foghlama agus cuireann siad bonn eolais fúthu. Ach a dtoibreacha eolais a chomhroinnt, tacaítear lena bhféiniúlacht agus lena muintearas sa suíomh. Téann na naisc sin i bhfeidhm ar thuiscintí ar ilchineálacht áite, gnáthamh, teaghlaigh, cultúr/cultúir agus teanga/teangacha.

**“Is í mo theaghlach na daoine is tábhachtaí i mo shaol.”**

**“Cabhraíonn sé liom mo chumas féin a bhaint amach nuair a bhíonn mo phríomhtheagmhálaí ag obair i gcomhpháirt le mo theaghlach, ag léiriú meas agus urraim dá gcuid tuairimí agus saineolais. Bíonn siad i gcónaí ag gníomhú le mo leas agus tá aithne agus eolas acu orm – ar na nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn liom.”**

**“Ba mhaith liom mo thoibreacha eolais fúm féin, faoi mo theaghlach, mo chultúr/chultúir, mo chuid eispéireas agus na nithe a cheiliúraimid a chomhroinnt leatsa agus le mo chairde. Is féidir linn ár dteangacha, ár scileanna cultúrtha, ár n-amhránaíocht, ár gceol, ár ndamhsa agus ár scéal a chomhroinnt lena chéile.”**

**“Tá mo mhuintir agus mo phobal iontach tábhachtach dom. Déan na naisc sin a aithint mar a bhaineann siad le m’fhéiniúlacht agus mo bhraistint mhuintearais.”**

## Oideoirí Gníomhaíocha

Tacaíonn oideoirí gníomhaíocha leis an bhfoghlaim agus éascaíonn siad í trí aird mheasúil ar uathúlacht agus ar chearta gach naíonán, lapadán agus linbh óig, agus iad á dtreorú ag oideolaíocht mhall chaidreamhach. Cruthaíonn an caidreamh measúil sin idir an naíonán, lapadán, leanbh óg, a bpríomhtheagmhálaí agus daoine tábhachtacha eile ina saol ciorcal slándála agus iontaoibhe laistigh de agus idir timpeallachtaí foghlama. Is éard is brí le bheith gníomhaíoch ná go bhfuil an tsaoirse ag an oideoir a chuid eolais agus scileanna a úsáid chun *Aistear* a léirmhíniú chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt. Ach am agus spás a chruthú, tugann oideoirí foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga faoi deara, cothaíonn siad iad, freagraíonn siad dóibh agus déanann siad machnamh orthu.

**“ Tá a fhios agam go bhfuil meas agat orm mar shaoránach domhanda uathúil, a bhfuil mo scéal féin agam. Mothaím sona agus slán i do chuideachta agus ba mhaith liom go mbraithfeása sona agus go mbainfeá taitneamh as bheith i mo chuideachta freisin. ”**

**“ Bím faoi bhláth nuair a aithníonn tú agus nuair a fhorbraíonn tú m’fhéiniúlacht agus mo chuid cumais, spéiseanna agus eispéireas. Tá a fhios agat na bealaí éagsúla a mbímse ag foghlaim agus ag forbairt agus cuireann tú eispéiris atá ábhartha, iomchuí ó thaobh an chultúir de agus fiúntach ar fáil chun cabhrú liom mo chumas féin a bhaint amach. ”**

**“ Tá mé muiníneach go dtabharfaidh tú faoi deara a bhfuil ag teastáil uaim agus go dtacóidh tú liom agus le mo theaghlach comhionannas rochtana a bheith againn ar thacaíocht agus ar sheirbhísí gairmiúla nuair a bhíonn siad ag teastáil uaim. ”**

**“ Cabhraíonn sé liom nuair a bhíonn tú meabhrach ar do chuid claontachtaí agus ar chlaontachtaí daoine eile agus go gcosnaíonn tú mé agus mo theaghlach má bhítear do mo ghortú nó má bhíonn leithcheal á imirt orm. ”**

## Aistrithe

Bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga rannpháirteach in aistrithe mar chuid de agus idir na gnáthaimh laethúla, ó sheomra amháin go seomra eile agus ó shuíomh oideachasúil amháin go suíomh eile. Bogann siad idir an baile agus áiteanna eile ina gcaitheann siad am freisin. Bíonn tábhacht ag baint le gach aistriú agus aithnítear gur próiseas é seo a thógann am seachas teagmhas aon uaire. Le linn aistrithe lena gcinntítear dul chun cinn san fhoghlaim agus san fhorbairt mar aon le leanúnachas ó thaobh eispéireas de, bíonn caidrimh chomhsheasmhacha ag teastáil. Áirítear leis sin béim ar leith ar ról an phríomhtheagmhálaí agus ar an oideolaíocht mhall chaidreamhach. Chun tacú le haistrithe, teastaíonn freagracht chomhroinnte idir teaghlaigh, feighlithe leanaí, oideoirí, suíomhanna agus scoileanna freisin, chun leas an naíonáin, an lapadáin agus an linbh óig. Cinntíonn saorshúgradh agus oideolaíochtaí súgartha go ndéanann eispéiris ábhartha fhiúntacha aistrithe agus dul chun cinn san fhoghlaim níos taitneamhaí, níos dearfaí agus níos éifeachtaí.

**“ Faighimse taithí ar chuid mhór aistrithe ón mbaile go dtí an suíomh luath-óige; ag aistriú mar chuid de agus idir ghnáthaimh an lae; ag dul ó sheomra go seomra; ag bogadh ó shuíomh amháin go suíomh eile, agus ag cur tús leis an mbunscoil nó an scoil speisialta. Is fusa an t-athrú nuair a mhothaím sábháilte agus nuair a bhíonn daoine thart orm a thugann cúram dom agus a bhfuil aithne acu orm. ”**

**“ Foghlaim fúm agus faoi na nithe a theastaíonn uaim chun na haistrithe seo a dhéanamh chomh dearfach taitneamhach éifeachtach agus is féidir. Labhair liomsa agus le mo theaghlach a thugann aire dom – is acusan is mó a bhfuil aithne orm. ”**

**“ Is foghlaimeoir gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach mé – tabhair faoi deara agus freagair don chaoi a mbímse ag forbairt meonta, dearcthaí, luachanna, scileanna, eolais agus tuisceana. ”**

**“ Cuidigh liom mo chumas féin a bhaint amach trí mo chuid foghlama agus forbartha a thabhairt faoi deara, a chothú agus freagairt dóibh. Roinn eolas fúmsa chun tacú le mo dhul chun cinn i mo chuid foghlama agus forbartha. ”**

## Forbairt agus Foghlaim Iomlánaíoch

Is rud iomlánaíoch atá sa luathfhoghlaim agus luathfhorbairt toisc go mbíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim cuid mhór rudaí nua ag an am céanna. Bíonn baint idir an méid a fhoghlaimíonn siad agus an áit, an chaoi agus cé leis a mbíonn siad ag foghlaim. Cabhraíonn measúnú leanúnach ar an méid a dhéanann, a chruthaíonn agus a chuireann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in iúl le hoideoirí pleanáil a dhéanamh i gcomhair éagsúlacht shaibhir d'eispéiris foghlama atá ábhartha fiúntach agus praiticiúil. Forbraíonn oideoirí curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú trí mheascán de shaorshúgradh, de shúgradh treoraithe agus d'eispéiris agus múscailtí spraíúla faoi stiúir an oideora. Cuireann sé sin roghanna, deiseanna, agus dul chun cinn na foghlama agus na forbartha ar fáil. Trína leithéid d'eispéiris, forbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga braistint láidir folláine; bród astu féin, as a dteaghlach agus as a bpobal. Éiríonn siad cumasach agus muiníneach mar chumarsáidithe agus forbraíonn siad ina dtaiscéalaithe agus ina smaointeoirí fiosracha a mbíonn teacht aniar iontu.

**“ Agus tú ag tacú le m'fhoghlaim agus le m'fhorbairt, cuimhnigh go mbíonn an méid a fhoghlaimím agus an chaoi a bhfoghlaimím é á mhúnlú agus ag brath go mór orm féin agus ar mo thoibreacha eolais, agus go bhforbraítear é ar bhonn mo chuid foghlama agus eispéireas roimhe seo le mo theaghlach, le mo phobal agus leis an tsochaí níos leithne. ”**

**“ Cabhraíonn sé liom nuair a thugann tú faoi deara an méid a bhíonn ar bun agam agus an méid a fhoghlaimím agus nuair a bhíonn am againn le bheith le chéile. Trí bheith i mo chuideachta agus trí mo 'ghuth' a thuiscint, féadann tú mo chumas féin mar fhoghlaimeoir a fheiceáil agus na nithe a bhfuil spéis agam iontu agus a bhfuil mé maith acu a shainaithint mar aon leis na nithe a bhféadfadh cabhair bhreise a bheith ag teastáil uaim ina leith. ”**

**“ Bíonn mo chuid tuairimí, smaointe agus samhlúchán cruthaitheacha agam – tabhair faoi deara iad seo, cothaigh iad agus freagair dóibh. ”**

**“ Trí shúgradh agus eispéiris phraiticiúla foghlama taobh istigh agus amuigh faoin aer, tosaím ar mo chuid mothúchán agus an chaoi a mbraithim a thuiscint agus a chur in iúl; de bheith ag forbairt mar thaiscéalaí, mar smaointeoir agus mar chumarsáidí, de bheith ag forbairt go fisiciúil, go sóisialta agus go cruthaitheach, a bheith folláin agus braistint láidir féiniúlachta agus muintearais a bheith agam. ”**

## Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

Tá sé de cheart ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith ag súgradh. Tarlaíonn cuid mhaith dá gcuid foghlama agus forbartha trí bheith ag súgradh agus trí eispéiris phraiticiúla trína bhfoghlaimíonn siad faoin domhan mórthimpeall orthu. Trí shaorshúgradh, súgradh treoraithe agus eispéiris spraíúla faoi stiúir an oideora, is féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga iad féin a thumadh i bhfoghlaim dhomhain agus i dtaiscéalaíochtaí lúcháireacha. Tugann oideoirí an fhoghlaim faoi deara nuair a chuireann siad moill ar chúrsaí agus nuair a chruthaíonn siad am, saoirse agus spás le haghaidh súgradh agus idirghníomhaíochtaí. Cabhraíonn na heispéiris foghlama spraíúla phraiticiúla seo atá bunaithe ar fhiosrú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcuid mothúchán a chomhrialú agus a fhéinrialú. Cabhraíonn siad leo freisin tuiscint a bheith acu orthu féin, forbairt a dhéanamh mar smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga, forbairt a dhéanamh go sóisialta agus go mothúchánach, agus comhbhá agus trua a bheith acu. Cabhraíonn an súgradh leo lena sláinte agus le bheith sona, cruthaitheach agus samhlaíoch, agus an bhunchloch a leagan chun cabhrú leo forbairt ina gcumarsáidithe agus ina dtaiscéalaithe éifeachtacha.

**“ Ba mhaith liom a bheith ag súgradh agus tá sé de cheart agam a bheith ag súgradh. ”**

**“ Tá sé tábhachtach don fhoghlaim agus don fhorbairt go mbeadh an t-am, an spás, na múscailtí agus na hacmhainní agam le bheith ag súgradh. ”**

**“ Bímse ag foghlaim nuair a bhímse gníomhach agus nuair a úsáidim mo chuid céadfaí leis an domhan a fhiosrú agus le bheith ag foghlaim faoi. Is gá teacht a bheith agam ar ábhair neamhiata chun cabhrú liom taiscéalaíocht a dhéanamh, a bheith cruthaitheach agus mo shamhlaíocht féin a úsáid. ”**

**“ Bainimse leas as súgradh a bhíonn taitneamhach fiúntach dúshlánach agus eachtrúil taobh istigh agus amuigh faoin aer. Cabhraíonn sé seo liom dul chun cinn a dhéanamh i mo chuid foghlama agus measúnú a dhéanamh ar riosca, scil a bheidh luachmhar dom ar feadh an tsaoil. ”**

## Timpeallachtaí Foghlama

Is éard a thuigtear le timpeallacht foghlama ionchuimsitheach ná an spás fisiciúil agus na hacmhainní fisiciúla a chuirtear ar fáil taobh istigh agus amuigh faoin aer. Áirítear léi freisin na gnáthaimh laethúla, na haistrithe, na caidrimh agus na hidirghníomhaíochtaí. Bíonn tionchar domhain ag an timpeallacht foghlama ar an gcaoi a mbraitheann agus a bhfoghlaimíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga nuair a chuirtear cineálacha éagsúla súgartha mar aon le heispéiris agus idirghníomhaíochtaí praiticiúla ar fáil inti. Trí chomhairliúchán agus i gcomhpháirt lena chéile, pleanálann agus cruthaíonn naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus oideoirí spásanna a bhfuil dea-chuma orthu agus atá dúshlánach agus ionchuimsitheach. Déanann siad measúnú ar an timpeallacht foghlama le chéile chun comhionannas rochtana a chinntiú do chách, ag tabhairt faoi deara an chaoi a gcuireann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a leibhéal compoird agus suaimhnis in iúl sa spás sin. Glacann oideoirí leis na féidearthachtaí freisin sa timpeallacht áitiúil trí bhraistint d’ómós áite agus foghlaim áitbhunaithe. Bíonn béim ar an dúlra, spásanna nádúrtha, múscailtí agus acmhainní. Tá tiomantas ann freisin i leith na hinbhuanaitheachta agus súgradh gníomhach eachtrúil.

**“ Tabhair ról dom i dtaca le timpeallacht a chruthú inar féidir liom a bheith neamhspleách, mé féin a chur in iúl, roghanna a dhéanamh agus a bheith ag idirghníomhú le daoine eile. ”**

**“ Ní mór an timpeallacht seo agam a bheith tarraingteach, insroichte, ionchuimsitheach, sábháilte ach dúshlánach; ní mór gur spás cumhachtaithe a bheadh ann agus é a bheith nasctha. Taitníonn sé liom a bheith i spásanna inar féidir saoirse a bheith agam chun gluaiseacht ón limistéar taobh istigh go dtí an spás amuigh faoin aer, a mhéid is féidir. Téann sé chun sochair dom a bheith amuigh faoin aer faoin uile chineál aimsire. ”**

**“ Tá sé de cheart agam léiriú díom féin, de mo theaghlach, mo phobal agus mo chultúr/chultúir a fheiceáil sna hacmhainní súgartha, sna leabhair agus sna hábhair mharc-chruthaithe a chuirfí ar fáil. Tríd an timpeallacht foghlama, forbraím tuiscint orm féin agus ar dhaoine eile. ”**

**“ Bainimse leas as bheith ag foghlaim i mo cheantar áitiúil féin. Bíonn sé tábhachtach a bheith i measc an dúlra agus a bheith ag foghlaim faoin dúlra nó tá sé de fhreagracht orm aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile. Cabhraigh liom aire a thabhairt do mo thimpeallacht agus maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe. ”**

# Téamaí

In *Aistear*, úsáidtear ceithre Théama idirnasctha, agus an Fhís agus na Prionsabail mar bhonn agus mar thaca fúthu, chun foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga a chur i láthair.

Seo a leanas na Téamaí:

- **Folláine**
- **Féiniúlacht agus Muintearas**
- **Cumarsáid**
- **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.**

Tá cur síos i ngach Téama ar a bhfoghlaimíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Tar éis gach cur síos ar an Téama, tá ceithre Aidhm ina leagtar amach uaillmhianta leathana maidir le foghlaim agus forbairt. Tá trí Sprioc Foghlama mar bhonn agus mar thaca faoi gach Aidhm. Is ráitis leathana ach inbhraite iad sin lena gcuirtear brí sna meonta, dearcthaí agus luachanna tábhachtacha mar aon le scileanna, eolas agus tuiscint. Tá na Téamaí ann chun an phleanáil a threorú le haghaidh foghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga agus chun tacú leis an doiciméadú agus an measúnú a dhéantar ar a ndul chun cinn agus a ngnóthachtálacha. Ach na hAidhmeanna agus na Spriocanna Foghlama a léirmhíniú, tugann oideoirí an fhoghlaim faoi deara agus cuireann siad ar chumas naíonán, lapadán agus leanaí óga leanúint de bheith ag foghlaim agus ag forbairt. Tacaítear le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcumas féin a bhaint amach trí rannpháirtíocht i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú, a bhfuil an súgradh mar bhonn faoi, ar bhealaí atá fiúntach agus taitneamhach.




Fíor 4: Téamaí *Aistear*

# Folláine

**Is éard atá i gceist le Téama na Folláine ná go mbeadh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga muiníneach, sona agus sláintiúil.**

Díríonn folláine ar fholláine shíceolaíoch (lena n-áirítear mothú agus smaointeoireacht) agus folláine fhisiciúil naíonán, lapadán agus leanaí óga a fhorbairt.

Cuireann caidrimh agus idirghníomhaíochtaí dearfacha go mór le folláine naíonán, lapadán agus leanaí óga. Bíonn ról ag an teaghlach, ag oideoirí, ag an bpríomhtheagmhálaí, ag cairde agus ag baill den phobal i dtaca le cur le braistint folláine, sonais, ceangail agus meithle (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail) naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ach na caidrimh sin a chothú trí ghlacadh le hoideolaíocht mhall chaidreamhach, tacaítear le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mothú go bhfuil luach leo, meas orthu, cumhacht acu, go ndéantar cúram díobh, go gcuimsítear iad i gcúrsaí agus go bhfuil siad gníomhaíoch. Ach deiseanna a bheith acu le haghaidh eispéiris spraíúla agus phraiticiúla, iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trí na healaíona agus trí thaithí a fháil ar ghné spioradálta den saol, feabhsaítear braistint folláine naíonán, lapadán agus leanaí óga. Cuireann siad sin deiseanna ar fáil dóibh le cur lena mbraistint ar ionadh, iontas, suaimhneas, deasghnátha, buíochas agus le taitneamh a bhaint as an saol. Tacaíonn oideoirí freisin le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mothúcháin a thuiscint, a chur in iúl, a aithint agus a chomhrialú agus a fhéinrialú agus comhbhá agus trua a fhorbairt ina leith féin agus i leith daoine eile. Ach tacaíocht agus grá a bheith acu ó dhaoine tábhachtacha ina saolta, is féidir cur ar chumas naíonán, lapadán agus leanaí óga teacht aniar a bheith iontu agus banc acmhainní a fhorbairt chun cabhrú leo plé le dúshláin an tsaoil.

Gné thábhachtach den fholláine is ea an tsláinte fhisiciúil agus cuimsítear léi foghlaim conas roghanna sláintiúla a dhéanamh i dtaca le cothú, gnáthaimh, scíth agus codladh, sláinteachas, aclaíocht, gluaiseacht, súgradh agus caidrimh. Baineann sí freisin le feasacht a fhorbairt ar a gcorp agus iad ag fás agus ag forbairt, lena n-áirítear féinriar colainne agus toiliú.

Cuireann an fholláine fhisiciúil ar chumas naíonán, lapadán agus leanaí óga taiscéalaíocht a dhéanamh, a bheith ag fiosrú, a bheith eachtrúil, a bheith gníomhaíoch, a bheith cruthaitheach, dúshláin a leagan síos dóibh féin agus measúnú riosca a dhéanamh. Is féidir léi feabhas a chur ar a neart, a gcomhordú agus forbairt na scileanna mínluaile agus oll-luaile acu. Tá sé de cheart ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga taithí a fháil ar an tsaoirse ina gcuid súgartha agus roghanna a dhéanamh maidir le cé leis, cad agus cá háit le súgradh, ag baint úsáid as teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha nuair is cuí chun tacú lena rannpháirtíocht fhiúntach. Ach an teicneolaíocht oiriúnaitheach a ionchorprú go machnamhach agus d'aon ghnó in oideachas luath-óige, is féidir le hoideoirí timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a chruthú ina dtacaítear le gach duine a chumas féin a bhaint amach. Tacaítear leis an bhfoghlaim trí eispéiris amuigh faoin aer, teagmháil leis an dúlra mar aon le súgradh agus gluaiseacht fhisiciúil ghníomhach. Cuirtear ar chumas gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig tabhairt faoi eispéiris dhúshlánacha súgartha ar bhealaí ina mbíonn aitheantas ann dá gcuid cumais agus láidreachtaí reatha agus ina ndéantar forbairt orthu.

Tábla 1: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine

# Folláine

| Aidhmeanna | Spriocanna Foghlama<br>Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in ann: |
|---|---|
| **Aidhm 1**<br>Beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga láidir ar bhonn síceolaíoch agus sóisialta. | • Ceangail dhaingne a fhorbairt agus taithí a fháil ar chaidrimh sheasmhacha chómhalartacha chothaitheacha lena dtacaítear le muinín agus nascacht leis an teaghlach, cairde, an príomhtheagmhálaí, oideoirí agus pobal.<br>• A bheith muiníneach neamhspleách agus scileanna féinchabhrach agus féinchúraim a fhorbairt, go háirithe maidir le haistrithe a thuar agus a láimhseáil.<br>• Cumas a fhorbairt a gcuid braistintí agus mothúchán a chur in iúl chun ciall a dhéanamh d'eispéiris saoil, le bheith in ann déileáil le dúshláin agus le foghlaim le comhrialú agus féinrialú. |
| **Aidhm 2**<br>Beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga chomh sláintiúil aclaí agus is féidir. | • Meas a bheith acu ar a gcorp agus a gcorp a chothú agus a sláinte agus folláine féin a chur chun cinn trí mheonta agus roghanna dearfacha lena léireofaí meas ar a gcuid roghanna maidir le cothú, nósanna, scíth agus codladh, sláinteachas agus aclaíocht.<br>• A gcorp a úsáid le bogadh, bheith gníomhach, agus le taithí a fháil, taiscéalaíocht a dhéanamh, agus lena bhfisiciúlacht a shíneadh trí thimpeallachtaí ionchuimsitheacha, taobh istigh agus amuigh, faoin aer trí eispéiris súgartha agus spraíúla lena spreagfaí cleachtadh, dúshláin, eachtraíocht agus máistreacht, ag baint úsáid as teicneolaíocht oiriúnaitheach nuair is cuí.<br>• Riosca agus eachtraíocht a mheas, a bhlaiseadh agus a bhainistiú, lena n-áirítear a bheith misniúil agus foghlaim faoi shábháilteacht coirp, trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas sa timpeallacht foghlama taobh istigh agus amuigh faoin aer. |
| **Aidhm 3**<br>Beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga cruthaitheach spioradálta comhbhách. | • A bheith cineálta agus fiosrach, ina smaointeoirí doimhne agus ina bhfoghlaimeoirí machnamhacha.<br>• A bheith cruthaitheach agus as a stuaim féin go bhfiosróidh siad, go bhfreagróidh siad dóibh féin agus go gcuirfidh siad iad féin in iúl trí ealaín, drámaíocht, damhsa agus ceol, le taithí a fháil ar chumhacht, lúcháir, fuadar, áilleacht, acmhainneacht agus ábharthacht na n-ealaíon.<br>• A spioradáltacht a fhorbairt trína mbraistint ar ionadh, iontas, suaimhneas agus buíochas a chothú agus trí mheas a léiriú ar eitneacht, cultúir, traidisiúin, féilte, deasghnátha agus an dúlra. |
| **Aidhm 4**<br>Beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ina saoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha agus beidh dearcadh dearfach acu ar an bhfoghlaim agus ar an saol. | • Cumas gníomhúcháin a léiriú agus roghanna agus roghnachas a chur in iúl agus cinntí a dhéanamh dóibh féin agus dá bpobal lena léireofaí meas ar an ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú.<br>• Forbairt a dhéanamh ar bhonn iomlánaíoch agus braistint máistreachta agus féinmhuiníne a léiriú i dtaobh a gcuid cumais féin, rioscaí foghlama a ghlacadh agus meonta foghlama amhail diongbháilteacht, buanseasmhacht, neamhspleáchas, teacht aniar, trua, comhbhá agus seiftiúlacht a léiriú.<br>• A n-áit féin sa domhan a fhiosrú agus a shainaithint, agus an chumhacht a fhorbairt chun maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe mar shaoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha mheasúla chásmhara chomhbhácha a bhfuil cearta agus freagrachtaí atá ag teacht chun cinn acu. |

# Féiniúlacht agus Muintearas

**Is éard atá i gceist le Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais ná go mbeadh dearcadh dearfach ag naíonáin, ag lapadáin agus ag leanaí óga ar a bhféiniúlacht féin. Baineann sé le tuiscint a bheith acu go bhfuil luach ag baint leo, go bhfuil meas orthu mar chuid dá dteaghlach agus dá bpobal, go mbraithfidís spiorad mhuintearais ag tacú leo, agus go bhforbróidís braistint dearfach faoi cé hiad féin.**

Ón mbreith i leith, forbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga braistint ar a bhféiniúlacht féin. Imríonn caidrimh le daoine muinteartha, príomhtheagmhálaí, oideoirí eile, cairde, piaraí agus daoine dá bpobal ról tábhachtach i bhforbairt a bhféiniúlachta. Bíonn féiniúlachtaí iomadúla ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Múnlaítear a mbraistint ar a bhféiniúlacht lena dtaithí féin, lena dtimpeallachtaí agus lena dtuiscint orthu féin, ar a dteaghlach agus ar dhaoine eile ina bpobail áitiúla agus dhomhanda. Baineann muintearas le caidreamh láidir agus le braistint d'aoibhneas croí a bheith ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga i leith na ndaoine ina saol. Nuair a bhíonn braistint muintearais ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus braistint bróid as a dteaghlach, i leith a gcairde, piaraí, agus as a bpobal, is féidir leo a bheith láidir ar bhonn mothúchánach, muiníneach agus teacht aniar iontu. Is féidir leo a bheith in ann dul i ngleic le dúshláin agus le deacrachtaí freisin. Cruthaíonn braistint féiniúlachta agus muintearais bunchloch tábhachtach dá luathfhoghlaim agus luathfhorbairt.

Tacaíonn *Aistear* le teachtaireachtaí de mheas, grá agus spreagadh a thabhairt do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Tugann sé seo braistint dhearfach dóibh ar a bhféiniúlacht féin agus an mhuinín go n-éistear lena nguth, go gcloistear é agus go bhfreagraítear dó. Tugann na teachtaireachtaí seo muinín dóibh freisin lena gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl, le roghanna a dhéanamh agus le ról a bheith acu i múnlú a gcuid foghlama féin. Fáiltíonn *Aistear* roimh an ilchineálacht agus spreagann sé oideoirí le machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtas le cinntiú go bhfaigheann gach naíonán, lapadán agus leanbh óg eispéiris chothroma agus gur féidir leo a bheith rannpháirteach ar bhealadh fiúntach. Baineann sé seo le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bhfuil éagsúlacht teanga, néara-éagsúlacht nó riachtanas breise ar bith ag gabháil dóibh a bhaineann lena gcumas nó cúlra. Tacaíonn an machnamh le hoideoirí chun léargais, féinfheasacht agus scileanna a fhorbairt chun naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a chumhachtú chun braistint láidir féiniúlachta agus muintearais a fhorbairt. Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go mbíonn meas ar agus urraim ann do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg agus go gcumasaítear iad le steiréitíopaí, an chlaontacht agus an leithcheal a aithint agus freagairt dóibh go réamhghníomhach.

Tábla 2: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas

## Féiniúlacht agus Muintearas

| Aidhmeanna | Spriocanna Foghlama<br>Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in ann: |
|---|---|
| **Aidhm 1**<br>Beidh féiniúlachtaí láidre ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus beidh meas orthu agus déanfar iad a cheiliúradh mar dhaoine uathúla a bhfuil a scéal féin acu. | • Caidrimh mheasúla agus chásmhara a fhorbairt le daoine eile agus léirthuiscint a bheith acu ar a n-uathúlacht agus ar a n-ilchineálacht féin agus ar uathúlacht agus ilchineálacht daoine eile.<br>• Bród a bheith orthu agus iad a bheith muiníneach as tuiscint a fháil ar a scéal féin, a stair, gcultúr/gcultúir, féiniúlachtaí agus teanga(cha) d(h)úchais.<br>• Braithfidh siad go bhfuil meas orthu agus feicfidh léiriú orthu féin agus ar a spéiseanna agus féiniúlachtaí sa timpeallacht agus a fhios acu go bhfuil a gcuid smaointe, roghanna, riachtanas agus ceart, mar aon le smaointe, roghanna, riachtanais agus cearta a gcairde agus a bpiaraí, á dtabhairt faoi deara agus á bhfreagairt le meas, comhbhá agus comhsheasmhacht. |
| **Aidhm 2**<br>Beidh braistint d'fhéiniúlacht ghrúpa ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga maidir le cairde, piaraí, oideoirí, agus maidir lena muintir agus a bpobal. | • Beidh a fhios acu go bhfuil áit acu agus go bhfuil sé de cheart acu a bheith mar chuid den ghrúpa nó aithneoidh siad ó instinn go bhfuil fáilte rompu féin agus roimh na daoine tábhachtacha ina saolta agus go ndéanfar iad a chur san áireamh agus a cheiliúradh.<br>• A bheith in ann taithí phearsanta maidir lena dteaghlach, a gcúlraí agus a gcultúr/gcultúir féin a chomhroinnt agus eolas agus tuiscint a fháil ar ilchineálacht struchtúir, bealaí maireachtála, gnásanna, traidisiúin agus féilte a dteaghlaigh agus na nithe seo a cheiliúradh.<br>• Iad féin a fheiceáil mar chuid den phobal trí eolas agus aithne a chur ar thréithe agus ar mhuintir an cheantair áitiúil, eolas a chur ar an bhfreagracht atá orthu i dtaca le cúram a dhéanamh de agus aire a thabhairt don timpeallacht agus a bheith eolach ar spiorad an pobail (meitheal) ina saolta. |
| **Aidhm 3**<br>Déanfaidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcearta a chur in iúl agus tacófar leo chun tuiscint agus meas a fhorbairt ar fhéiniúlacht, ar chearta agus ar dhearcthaí daoine eile. | • Beidh a fhios acu go bhfuil spás ann inar féidir leo a bheith ar a gcompord, inar féidir leo a gcuid dearcthaí a chomhroinnt agus ina mbraithfidh siad muiníneach go gcluinfear agus go bhfreagrófar dá nguth, cibé foirm a bhíonn i gceist leis, i dtaca le gach ceist a théann i bhfeidhm orthu.<br>• Tús a chur le tuiscint a fháil ar rialacha agus ar theorainneacha caidreamh agus foghlaimeoidh siad an chaoi le bheith ag idirghníomhú ar bhonn comhoibritheach agus le bheith ag cabhrú le daoine eile, mar aon leis an eolas a bheith acu go bhfuil tacaíocht ann dóibh chun a gcuid mothúchán féin a chomhrialú agus a fhéinrialú.<br>• Braistint ar cheartas sóisialta agus cothroime a fhorbairt, a bheith meabhrach ar riachtanais, cearta agus mothúcháin daoine eile agus meas a léiriú orthu sin agus ar a riachtanais, cearta agus mothúcháin féin, agus, san am céanna, scileanna comhoibrithe, freagrachta, idirbheartaíochta, réitithe fadhbanna agus réitithe coimhlinte a fhorbairt. |
| **Aidhm 4**<br>Feicfidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga iad féin mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha. | • Réimse leathan de chumais agus de spéiseanna a fhorbairt, spreagadh chun gnóthachtála a fháil trí mheas a bheith acu ar a gcuid láidreachtaí agus modhanna foghlama uathúla féin.<br>• Muinín agus féinmhuinín mhéadaitheach a léiriú i dtaca lena bhfoghlaim féin a stiúradh agus a mheasúnú agus a dtoibreacha eolais a chomhroinnt le daoine eile.<br>• Meonta amhail fiosracht, dianseasmhacht, neamhspleáchas agus freagracht a léiriú trí rannpháirteachas le heispéiris foghlama arna spreagadh ag súgradh agus spraíúlacht. |

# Cumarsáid

**Is éard atá i gceist le Téama na Cumarsáide ná go roinnfeadh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a n-eispéiris, a smaointe, a dtuairimí, a mothúcháin, a spéiseanna, a riachtanais agus a gcearta le daoine eile agus iad ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i rith an ama, ar bhealaí éagsúla agus do chúiseanna éagsúla.**

Déanann gach naíonán, lapadán agus leanbh óg cumarsáid, bíonn siad rannpháirteach, ag roinnt, ag nascadh agus ag idirghníomhú le daoine eile ar a mbealach féin agus ina n-am féin. Is próiseas dhá bhealach í an chumarsáid ina bhfoghlaimíonn siad conas eispéiris a roinnt agus conas a bhfuil á roinnt ag daoine eile leo a léirmhíniú freisin. Úsáideann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga modhanna iolracha chun cumarsáid a dhéanamh, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh: labhairt, tostanna, gothaí gnúise, gothaí, iompraíochtaí, gluaiseachtaí coirp, caoineadh, plobaireacht, gogalach, teanga(cha) agus Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM). D'fhéadfadh sé go n-úsáidfidís Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), Lámh nó Braille chun cumarsáid a dhéanamh nó go gcuirfidís iad féin in iúl trí na healaíona, marc-chruthú, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, scríbhneoireacht agus scéalta. Trí bheith i dtiúin leis na bealaí iolracha ina ndéanann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga cumarsáid, is féidir le hoideoirí éisteacht leis an méid a insíonn siad dúinn agus é a léirmhíniú. Tacaíonn oideoirí leis an sealbhú teanga ionas go mbraitheann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga go nglactar leo, go dtuigtear iad, go léirítear meas orthu agus go gcuirtear iad san áireamh. Cruthaíonn *Aistear* deiseanna do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le foghlaim faoina dteanga(cha) agus cultúir féin agus faoi theangacha agus cultúir eile laistigh de shochaí ilchultúrtha. Tacaíonn *Aistear* leis an bhfoghlaim i dtaobh thábhacht na Gaeilge inár n-oidhreacht chultúrtha agus theangeolaíoch.

Déanann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a dtuiscint ar an domhan a fhairsingiú trí chiall a bhaint as a gcuid eispéireas trí theanga(cha) agus trí litearthachtaí a bhíonn ag teacht chun cinn. Bíonn bunchloch láidir sa teanga/sna teangacha ó bhéal tábhachtach. Chomh maith leis sin, foghlaimíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga go gasta faoi chumhacht agus faoi bhrí siombailí. Tosaíonn siad ag tuiscint agus ag úsáid foclóir leathan agus ag déanamh agus ag úsáid siombailí chun mothúcháin, tuairimí agus smaointe a chur in iúl. Tacaíonn timpeallacht ionchuimsitheach lán le hábhair i bprionta leis an litearthacht agus uimhearthacht éiritheach agus cothaíonn sé grá don léitheoireacht. Le himeacht ama, feabhsaíonn scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus uimhearthachta an t-eispéireas seo. Cabhraíonn eispéiris luatha cumarsáide le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga meonta dearfacha foghlama a fhorbairt i dtaobh teangacha, litearthachtaí, uimhearthachta agus cumarsáide.

Is féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga idir leas agus tairbhe a bhaint as a gcur in iúl féin go cruthaitheach samhlaíoch tríd an súgradh agus trí eispéiris spraíúla. Músclaíonn an ceol, damhsa, ealaín agus drámaíocht sonas, saoirse agus spraíúlacht ní hamháin i measc na naíonán, lapadán agus leanaí óga, agus sna hoideoirí freisin. Trí phróisis na cruthaitheachta agus an léirmhínithe ealaíne a roinnt agus a chothú, spreagtar muinín, cumas agus sonas. Trí thaithí a fháil ar thimpeallacht ionchuimsitheach shaibhir cumarsáide, cuirtear ar chumas na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a bheith ina gcumarsáidithe gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha.

Tábla 3: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid

## Cumarsáid

| | Spriocanna Foghlama |
|---|---|
| **Aidhmeanna** | **Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in ann:** |
| **Aidhm 1**<br>Bainfidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga feidhm as modhanna iolracha cumarsáide. | • A bheith ina gcumarsáidithe gníomhaíocha a rachaidh i bhfeidhm ar idirghníomhaíochtaí, comhráite agus cinntí agus a thionscnóidh iad.<br>• Freagairt don iliomad bealaí ina ndéanann daoine cumarsáid agus iad a roinnt, a aithint, a thuiscint agus a léirmhíniú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, comharthaí, gothaí gnúise, comharthaíocht choirp agus Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM).<br>• Straitéisí éagsúla cumarsáide a chumasc chun roghanna, smaointe, mothúcháin agus tuairimí a chur in iúl, chun éisteacht le roghanna, smaointe, mothúcháin agus tuairimí daoine eile agus foghlaim conas meas a léiriú orthu. |
| **Aidhm 2**<br>Bainfidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga úsáid as teanga(cha). | • Cumarsáid agus idirghníomhú a dhéanamh, lena n-áirítear trí theanga(cha) ó bhéal a úsáid, go muiníneach inniúil chun críche réimse cuspóirí, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh, tostanna, caoineadh, plubairneacht, comhrá, plé, súgradh, triail, ceistiú, rioscaí a ghlacadh, fuaim/patrún/rithim/rím/athrá a fhiosrú, athrá agus úsáid a bhaint as Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM) nuair is cuí.<br>• Idirghníomhú le daoine eile chun eolas a thabhairt agus a fháil, le bheith ag éisteacht agus le sealanna a ghlacadh i gcomhráite agus sa scéalaíocht, le tuairimíocht, smaointe agus mothúcháin a shoiléiriú, le ceisteanna a chur, le rudaí a dhiúltú, le hidirbheartaíocht a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.<br>• Teacht chun bheith muiníneach dearfach i dtaobh ár gcuid teangacha náisiúnta, mar atá, Gaeilge, Béarla agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), i dtaobh a dteanga(cha) d(h)úchais féin agus beidh feasacht agus meas acu ar theangacha eile. |
| **Aidhm 3**<br>Déanfaidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a dtuiscint ar an domhan a fhairsingiú trí chiall a bhaint as a gcuid eispéireas trí eispéiris litearthachta agus uimhearthachta éiritheacha. | • Feasacht a ardú ar éagsúlacht siombailí (pictiúir, ábhar clóite, uimhreacha, tacaí físe) is féidir a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, agus iad sin a úsáid ar bhealaí taitneamhacha agus fiúntacha, agus a aithint go bhféadann daoine eile iad seo a thuiscint.<br>• Taithí a fháil ar thimpeallacht atá ionchuimsitheach agus saibhir ó thaobh ábhar clóite de chun an litearthacht agus uimhearthacht éiritheacha a spreagadh agus teacht isteach ar luach na leabhar agus na dteicneolaíochtaí digiteacha, más cuí ó thaobh forbartha de, mar fhoinse eolais le bheith ag foghlaim faoin domhan.<br>• Deiseanna a bheith ann don mharc-chruthú. Réimse meán a úsáid ar bhealaí iolracha lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na healaíona agus cineálacha éagsúla súgartha mar bhealaí le heispéiris a léirmhíniú agus a chomhroinnt, le fadhbanna a réiteach agus le tuairimíocht, smaointe agus mothúcháin a chomhroinnt. |
| **Aidhm 4**<br>Cuirfidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga iad féin in iúl go cruthaitheach samhlaíoch. | • Foghlaim conas mothúcháin, tuairimí agus smaointe a chomhroinnt trí chineálacha éagsúla súgartha agus trí eispéiris spraíúla ionchuimsitheacha chruthaitheacha lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na healaíona, damhsa, drámaíocht, ceol, amhráin agus scéalta.<br>• Scileanna litearthachta agus uimhearthachta éiritheacha a chur in iúl agus a fhorbairt trí léiriú cruthaitheach ag baint úsáid as Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM), más cuí, agus scileanna amhail marc-chruthú, gearradh, tarraingt pictiúr, ealaín neamhbhuan, greamú, péinteáil, tógáil, priontáil, dealbhú agus obair snáithe, fuáil agus fíodóireacht, agus an bhéim ar an bpróiseas, seachas ar an táirge.<br>• Muinín a fhorbairt agus a léiriú i dtaca le rudaí úra a thriail, rioscaí a ghlacadh, fadhbanna a réiteach, smaointeoireacht chriticiúil agus iad féin a chur in iúl i réimse bealaí. |

# Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

**Is éard atá i gceist leis an Téama Taiscéalaíochta agus Smaointeoireachta ná naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith fiosrach, ag baint brí as na rudaí, na háiteanna agus na daoine ina saol trí bheith ag idirghníomhú le daoine eile, ag súgradh leo, ag iniúchadh, ag smaoineamh, ag ceistiú, agus ag cruthú agus ag tástáil smaointe agus iad a bheachtú.**

Baineann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga úsáid as a gcéadfaí, a n-aigne agus a gcorp le fáil amach agus le brí a chur ar an méid a fheiceann, a bhraitheann agus a fheictear dóibh sa domhan mórthimpeall orthu. Nuair a bhraitheann siad sábháilte agus slán, agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu, baineann siad sult as a bheith ag fiosrú agus ag foghlaim faoina ndomhan féin. Cuireann na timpeallachtaí foghlama taobh istigh agus amuigh faoin aer eispéiris foghlama ábhartha, fhiúntacha, ar bhonn súgartha agus praiticiúla ar fáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Tríd an ngríosú, fiosrú agus iniúchadh sin, tógann siad eolas agus tuiscint, forbraíonn siad scéimrí, scileanna agus meonta nua, agus bíonn siad i mbun fiosrú agus machnaimh.

Baineann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga taitneamh freisin as coincheapa agus smaointe luatha ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, agus Matamaitic) a fhiosrú agus a thástáil. Foghlaimíonn siad freisin faoin am atá thart agus faoi thionchar na staire orthu féin agus ar a bpobail. Foghlaimíonn siad faoin tíreolaíocht, faoin saol ar an talamh agus faoin saol san fharraige. Trí iniúchadh gníomhach seo ar a dtimpeallacht, súgradh a thosaíonn an páiste agus oideolaíochtaí beartaithe, foghlaimíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga faoina ndomhan féin agus forbraíonn siad feasacht agus tuiscint ar a ról mar shaoránaigh dhomhanda maidir le haire a thabhairt don domhan.

Trí idirghníomhú le daoine eile le linn súgartha agus in eispéiris spraíúla praiticiúla foghlama ar bhonn fiosraithe, cumasaítear naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le bheith cruthaitheach, le dul sa seans agus le nithe a fhionnachtain dóibh féin. Foghlaimíonn siad cén chaoi le smaoineamh agus a bheith cruthaitheach. Agus iad ag súgradh agus ag idirghníomhú, bíonn siad i mbun machnaimh agus i mbun measúnú ar a gcuid foghlama féin. Déanann siad a gcuid teoiricí a atástáil, ag glacadh le fionnachtana agus eispéiris nua i dtimpeallacht foghlama ionchuimsitheach agus inrochtana. Féadfaidh sé teicneolaíocht dhigiteach a úsáid, más cuí ó thaobh na forbartha de, le tacú lena gcuid foghlama. Déantar cothromaíocht a aimsiú idir buntáistí na teicneolaíochta digití, eispéiris phlugáilte agus dhíphlugáilte araon, agus an t-idirlíon, agus cearta agus sábháilteacht naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Trí chothromaíocht a fháil idir eispéiris phlugáilte agus dhíphlugáilte, is féidir le hoideoirí timpeallacht foghlama a chruthú a bhaineann leas as buntáistí na teicneolaíochta digití agus a chothaíonn foghlaim agus forbairt iomlánaíoch ag an am céanna.

Bíonn gach naíonán, lapadán agus leanbh óg fiosrach agus bíonn tiomantas iontu ar fad tuiscint a fháil ar a ndomhan. Is féidir le hoideoirí foghlaim a chothú trína dtimpeallacht a ullmhú agus meascán d'eispéiris agus múscailtí saorshúgartha, súgartha treoraithe agus súgradh faoi stiúir an oideora a phleanáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga trínar féidir leo rath a bhrath mar fhoghlaimeoirí. Ciallaíonn sé sin gníomhaíochtaí oiriúnacha d'éilimh aonair na bpáistí a phleanáil, gníomhaíochtaí a nascann lena n-eispéiris agus lena gcuid spéiseanna. Ag an am céanna, léirítear spéiseanna agus eispéiris nua do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Cuirtear dúshlán rompu forbairt a dhéanamh ar a gcuid eolais, a gcuid scileanna a bheachtú, agus obair le chéile le fadhbanna a réiteach ionas go mbeidh siad ina dtaiscéalaithe fiosracha, ina smaointeoirí criticiúla agus teacht aniar iontu.

Tábla 4: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht

## Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

| | Spriocanna Foghlama |
|---|---|
| **Aidhmeanna** | **Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, beidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in ann:** |
| **Aim 1**<br>Foghlaimeoidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga faoin domhan mórthimpeall orthu agus gheobhaidh siad tuiscint air. | • Plé, iniúchadh agus triail ina dtimpeallacht trí eispéiris chomhtháite ealaíne, teanga, ceoil, tíreolaíochta, staire agus ETIM.<br>• Tuiscint a fháil ar choincheapa cosúil le meaitseáil, cur i gcomparáid, ordú, sórtáil, meastúchán a dhéanamh, comhaireamh, feasacht ar spásúlacht, méid, meáchan, airde, fad, toilleadh agus airgead trí shúgradh agus trí eispéiris spraíúla ar bhealach fiúntach agus taitneamhach.<br>• A nasc leis an timpeallacht agus an fhreagracht atá acu ina leith agus i leith an phobail a aithint, agus aithne a chur ar agus meas a léiriú ar dhaoine, flóra agus fána áitiúil. |
| **Aim 2**<br>Forbróidh agus úsáidfidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga scileanna agus straitéisí breathnóireachta, ceistiúcháin, fiosrúcháin, tuisceana, idirbheartaíochta agus réitigh fadhbanna, agus braithfidh siad gur taiscéalaithe agus smaointeoirí iad. | • Naisc agus ceangail a dhéanamh idir foghlaim nua agus na rudaí atá ar eolas acu cheana féin, agus an t-am agus an spás acu teoiricí a fhiosrú agus a fhorbairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an domhan.<br>• Éagsúlacht acmhainní, múscailtí, ábhar neamhiata agus nádúrtha, chomh maith le teicneolaíochtaí digiteacha nuair is cuí ó thaobh na forbartha de, a fhiosrú chun críche iniúchta, taighde a dhéanamh agus faisnéis faoin domhan mórthimpeall orthu a fháil.<br>• Comhoibriú agus súgradh le páistí eile le spéiseanna a roinnt, le foghlaim faoin am atá thart, faoin am i láthair agus faoin todhchaí, le bheith cruthaitheach agus le smaoineamh go loighciúil. |
| **Aim 3**<br>Beidh deiseanna ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga foghlaim, nascadh leis an dúlra agus am fiúntach a chaitheamh amuigh faoin aer. | • Naisc agus ómós áite a bhrath, trí bheith i láthair sa dúlra agus trí scéalta, seanchas agus súgradh a nascadh leis an oidhreacht áitiúil le tuiscint níos doimhne a fháil ar an timpeallacht le linn na séasúr.<br>• Feasacht chéadfach a fhorbairt ar dhathanna, cruthanna, bolaithe, agus gluaiseachtaí; dúshláin a chur rompu féin i súgradh fiontrach agus gníomhach.<br>• Foghlaim faoin saol ar an talamh agus san uisce trí eispéiris a bheith acu, fionnachtain a dhéanamh, ceistiú, bheith rannpháirteach, iniúchadh a dhéanamh agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, más cuí ó thaobh na forbartha de, agus leabhair a úsáid le taighde a dhéanamh agus cur le heolas ar ár bpláinéad. |
| **Aim 4**<br>Beidh dearcthaí dearfacha ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga i leith na foghlama agus forbróidh siad meonta ar nós an neamhspleáchais, na fiosrachta, na spraíúlachta, na buanseasmhachta, na muiníne, na hacmhainneachta, na seiftiúlachta agus dul sa seans. | • Muinín a léiriú maidir le bheith in ann rudaí a dhéanamh dóibh féin, iad féin a fheiceáil mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha atá oscailte do smaointe agus eispéiris nua.<br>• Scileanna ardsmaointeoireachta a fhorbairt, mar shampla, réiteach fadhbanna, tuar, anailísiú, ceistiú, agus cosaint, tríd an súgradh agus trí iniúchtaí spraíúla.<br>• Smaoineamh le chéile chun brí agus tuiscint a thógáil chomh maith le bheith fiosrach maidir leis an gcaoi le litreacha, focail, abairtí, uimhreacha, comharthaí, pictiúir, dath agus cruthanna a úsáid chun faisnéis a thabhairt agus a thaifeadadh, le cur síos a dhéanamh agus brí a bhaint as a gcuid eispéireas féin agus eispéiris daoine eile, trí shúgradh agus eispéiris phraiticiúla. |

# Gluais

| | |
|---|---|
| **Ábhair neamhiata** | Is ábhair iad ábhair neamhiata is féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a úsáid ar roinnt bealaí taobh istigh agus amuigh faoin aer. Is féidir iad a bhogadh, a iompar, a chónascadh agus a athdhearadh ar bhealach ar bith a chinneann an páiste. Is féidir leis na hábhair seo a bheith nádúrtha nó déanta agus tá roinnt bealaí lena bhfáil ón ndúlra, ón mbaile agus ó ábhar athchúrsáilte eile. |
| **An Lucht Siúil** | Is grúpa mionlaigh eitneach dúchasach iad an Lucht Siúil, a dtugtar Mincéir nó Pavee orthu freisin, ar grúpa fáin iad go traidisiúnta agus a thagann ó Éirinn ó dhúchas. Sa bhliain 2017 d'aithin an Stát go hoifigiúil gur grúpa eitneach faoi leith in Éirinn iad an Lucht Siúil. Mar a bhíonn i gceist le grúpa eitneach ar bith, tá an Lucht Siúil éagsúil agus ní grúpa aonchineálach iad. |
| **Bunaithe ar chearta** | An tuiscint gur sealbhóirí ceart iad naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcuirtear deiseanna fiúntacha ar fáil dóibh maidir le tionchar a imirt ar chinntí i dtaca lena saolta. |
| **Ceartas sóisialta** | Is ionann an ceartas sóisialta agus dáileadh cóir cothrom na n-acmhainní, na ndeiseanna agus na bpribhléidí laistigh de shochaí, ag cinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine ar bhunriachtanais agus deiseanna. |
| **Ciorcal slándála** | Is ionann ciorcal slándála agus caidreamh iontaobhach agus measúil idir naíonáin, lapadáin, leanaí óga, a gcúramóirí agus daoine tábhachtacha eile ina saol, rud a chothaíonn timpeallacht thacúil don fhoghlaim agus forbairt. |
| **Claontacht** | Réamhchlaonadh i bhfabhar nó i gcoinne duine nó grúpa daoine, go háirithe ar bhealach a bhféadfaí a mheas a bheith míchothrom. |
| **Comhionannas** | Baineann comhionannas leis an tábhacht atá le hilchineálacht na riachtanais a bhíonn ag daoine aonair agus grúpaí a aithint, le meas a léiriú orthu agus le plé leo, chomh maith le comhionannas ó thaobh rochtana, rannpháirtíochta, coinníollacha agus buntáistí de a chinntiú do na páistí ar fad agus dá dteaghlaigh. |
| **Comhrialú/ Comhrialáil** | Idirghníomhaíochtaí cásmhara freagrúla a chuireann an tacaíocht agus samhaltú ar fáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le gur féidir leo a gcuid smaointe, mothúchán agus iompraíochtaí a thuiscint, a léiriú agus a phróiseáil. |
| **Cothromas** | Is le cothroime a bhaineann an cothromas go príomha agus is éard atá i gceist leis ná bheith cothrom le agus do na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ar fad. Is éard is brí leis sin ná caitheamh go cothrom le páistí ina gcuid idirghníomhaíochtaí agus eispéireas foghlama sa luath-óige. |
| **Creatchuraclam** | Scafall d'fhorbairt curaclaim a chabhraíonn le hoideoirí curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú agus faoi stiúir an pháiste a bhfuil súgradh agus caidrimh mar bhonn leis agus a bhaineann go sonrach lena gcomhthéacs féin a phleanáil agus a fhorbairt. |
| **Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach** | Tugtar Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM) ar ghléasanna, córais, straitéisí agus uirlisí cumarsáide a úsáidtear in ionad na teanga labhartha nó le tacú leis an teanga labhartha. Is féidir iad a úsáid in ionad na cainte nó chun an chaint a fheabhsú. Modh cumarsáide ar bith seachas focail labhartha a úsáidtear leis an gcaint nó in ionad na cainte. |
| **Cumas gníomhúcháin** | Is ionann cumas gníomhúcháin i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga agus a bheith in ann roghanna a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama agus ina gcuid foghlama. Tá a gcumas gníomhúcháin le feiceáil sa bhealach ina n-athraíonn siad saol na ndaoine thart timpeall orthu go praiticiúil agus go mothúchánach. Bíonn tionchar acu ar chaidrimh, ar chinntí agus ar fheidhmiú a ndomhan sóisialta. |

| | |
|---|---|
| **Cur chuige an phríomhtheagmhálaí** | Cinntíonn an cur chuige bunaithe ar phríomhtheagmhálaí go sanntar duine ainmnithe ar gach naíonán, lapadán agus leanbh óg – d'fhéadfadh oideoir luathbhlianta agus/nó feighlí leanaí a bheith i gceist – a bhíonn freagrach as dlúthchaidreamh a chruthú leo féin agus lena dteaghlaigh. |
| **Cur chuige bunaithe ar láidreachtaí** | Dírítear sa chur chuige seo ar láidreachtaí agus cumais phearsanta na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga ar bhealach iomlánaíoch, ag féachaint ar na nithe 'is féidir' leo a dhéanamh, agus ag baint úsáid as na láidreachtaí sin le tacú le dul chun cinn ina gcuid foghlama agus forbartha. |
| **Cur chuige curaclaim éirithigh atá bunaithe ar fhiosrú** | Cur chuige i leith na foghlama agus na forbartha ina mbíonn spéiseanna, fiosracht, ceisteanna agus eispéiris na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga ina dtúsphointí fiosrúcháin. Áirítear leis seo spéiseanna na n-oideoirí agus an phobail i gcoitinne. Déanann rannpháirteachas naíonán, lapadán agus leanaí óga le daoine, ábhair, smaointe agus imeachtaí a bhfiosracht agus a spreagadh chun foghlama a mhúscailt iontu. Tacaíonn sé leo iniúchadh agus taighde a dhéanamh trí shúgradh, triail a bhaint as rudaí, ceisteanna a chur, comhráite a bheith acu agus smaoineamh. |
| **Curaclam** | Na heispéiris ar fad a bhíonn ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga sa timpeallacht taobh istigh agus amuigh faoin aer, eispéiris fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, phleanáilte agus neamhphleanáilte ina measc sin. |
| **Ealaín neamhbhuan** | Léiriú cruthaitheach a bhaineann le hábhair neamhiata a úsáid le saothair ealaíne neamhbhuana a chruthú. |
| **Eispéiris dhíphlugáilte** | Tugtar eispéiris 'dhíphlugáilte' orthu seo nach dteastaíonn fuinneamh lena gcur ag obair. Bíonn na heispéiris seo praiticiúil agus tadhlach agus spreagann siad súgradh, cruthaitheacht, réiteach fadhbanna agus idirghníomhú sóisialta. Baineann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga úsáid as réimse ábhar, fiosraíonn siad iad agus déanann siad iad a iniúchadh le foghlaim faoina ndéanann siad agus faoin gcaoi a n-oibríonn siad, mar shampla, súgradh le maighnéid, bloic nó míreanna mearaí. Áirítear chomh maith le heispéiris dhíphlugáilte eispéiris le huirlisí agus acmhainní digiteacha fíorshaoil ar nós áireamhán agus scálaí a úsáidtear chun cur le heispéiris foghlama atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de. Is bunchlocha iad na heispéiris seo don litearthacht dhigiteach agus scileanna matamaiticiúla ar nós réiteach fadhbanna, seicheamhú agus réasúnaíocht spásúil. |
| **Eispéiris phlugáilte** | Tugtar eispéiris 'phlugáilte' orthu seo mar gheall go dteastaíonn fuinneamh lena gcur ag obair. I measc roinnt samplaí d'eispéiris phlugáilte sa luath-óige tá úsáid a bhaint as ceamaraí digiteacha, scéalaíocht dhigiteach, micreascóip dhigiteacha, róbataic nó boscaí solais. |
| **Eitneacht** | Tagraíonn eitneacht do ghrúpa sóisialta a roinneann cultúr, reiligiún nó teanga choiteann faoi leith. Áirítear le heitneacht ionannú naíonán, lapadán agus leanaí óga le grúpa a bhfuil na tréithe coiteanna seo a leanas, nó cuid acu, aige: cultúr, bia, teanga, éadaí, creideamh, stíl mhaireachtála, traidisiúin, gnásanna agus náisiúntacht. Is éard is grúpa eitneach ann, grúpa a shíleann, nó a shíleann daoine eile, gur pobal faoi leith atá ann de bharr roinnt tréithe a dhéanann é a dhealú ó ghrúpaí eile. |
| **Féinrialú** | Seo cumas atá ag forbairt go fóill naíonáin, lapadáin nó linbh óig tús a chur le hiompraíochtaí, freagairtí agus mothúcháin a thuiscint agus a bhainistiú, agus leanann sé seo ar aghaidh ag forbairt agus é ina dhuine fásta. |
| **Féinriar colainne** | Ceart naíonán, lapadán agus leanaí óga a dtarlaíonn lena gcorp a rialú. |
| **Foghlaim ar bhonn fiosraithe** | Naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a spreagadh le ceisteanna a chur, smaoineamh go criticiúil, fadhbanna a réiteach agus topaicí spéise a iniúchadh chun críche a gcuid tuisceana agus eolais a thógáil agus a chur chun cinn agus le bheith fiosrach agus cruthaitheach. |

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíoch** | Is éard is brí le gníomhaíoch ná nuair a bhíonn naíonán, lapadán nó leanbh óg cumasaithe agus nuair a dhéanann sé roghanna agus cinntí dó féin. Is ionann a bheith gníomhaíoch agus guth agus tionchar a bheith acu ar a gcuid foghlama féin.<br>I gcás na n-oideoirí, is éard is brí le bheith gníomhaíoch ná go mbíonn an tsaoirse acu a gcuid eolais agus scileanna a úsáid le *Aistear* a léirmhíniú le tacú le foghlaim agus forbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga atá ina gcúram. |
| **Guth** | Na bealaí a gcuireann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcuid tuairimí agus mothúchán in iúl, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh, labhairt, tostanna, caoineadh, míreanna cainte, gothaí gnúise, gníomhartha, freagairtí, bogadh na súl, Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM), amhrán, marc-chruthú, na healaíona agus comhráite. |
| **Ilchineálacht** | Baineann an ilchineálacht leis na bealaí ar fad ina mbíonn daoine difriúil lena chéile, agus leis an gcaoi a maireann siad mar dhaoine aonair laistigh de ghrúpaí agus mar bhaill de ghrúpa sóisialta níos mó. Baineann sé le fáiltiú roimh an difríocht mar chuid den saol agus meas a léiriú uirthi. Baineann sé le meas a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar dhifríochtaí agus, san am céanna, ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh. |
| **Ilchultúrtha** | Daoine nó grúpaí éagsúla ó chultúir nó eitneachtaí difriúla. |
| **Inbhuanaitheacht** | Naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim conas aire a thabhairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don timpeallacht. |
| **Lámh** | Córas comharthaíochta láimhe a úsáideann páistí agus daoine fásta faoi mhíchumas intleachtach agus ag a bhfuil riachtanais chumarsáide in Éirinn. |
| **Leithcheal** | Áirítear leis seo beartais, cleachtais nó iompraíochtaí a mbíonn caitheamh míchothrom le daoine aonair nó grúpaí mar gheall ar a bhféiniúlacht nó an fhéiniúlacht a shíltear a bheith acu mar thoradh orthu. Is féidir leis a bheith d'aon ghnó nó neamhbheartaithe, díreach nó indíreach. |
| **Litearthacht éiritheach** | Forbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga tuiscint ar theanga(cha) agus ar chló mar bhunchloch don chumarsáid, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Baineann litearthacht sa luath-óige le forbairt na cumarsáide agus na teanga, agus le hiniúchadh agus forbairt scileanna litearthachta, coincheap, eolais agus tuisceana. Tríd an súgradh agus eispéiris phraiticiúla, feiceann agus idirghníomhaíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le cló agus iad ag éirí fiosrach faoi agus ag forbairt feasacht ar a chuid feidhmeanna agus gnásanna, agus foghlaimíonn siad gur féidir le daoine eile iad a thuiscint. |
| **Meonta** | Is éard is meonta ann ná tréithe carachtair a bhíonn ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ó rugadh iad agus bíonn meonta uathúla ag gach duine. Imríonn idirghníomhaíochtaí, caidrimh, agus na heispéiris a bhíonn ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga tionchar, dearfach agus diúltach, ar na meonta sin. Is é is meon ann ná é a bheith de nós ag an bpáiste freagairt don chás ina bhfuil sé/sí ar bhealaí áirithe. |
| **Múscailtí** | Is acmhainní iad múscailtí atá leagtha amach agus/nó curtha ar bun chun an fhiosracht agus an rannpháirteachas a spreagadh. D'fhéadfaidís a bheith neamhiata nó dírithe ar spéis nó ar sprioc foghlama ar leith. Is féidir lámh a leagan ar mhúscailtí, iad a iniúchadh, a láimhseáil agus a fhiosrú mar chuid den saorshúgradh, súgradh treoraithe nó eispéiris spraíúla faoi threoir an oideora. |
| **Oideolaíocht** | Baineann sé seo le gníomhartha nó obair uilig an oideora ó thaobh tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Bíonn eispéireas foghlama idirbheartaithe, measúil agus machnamhach do gach duine atá páirteach i gceist leis. |
| **Oideolaíocht mhall chaidreamhach** | Is éard a bhíonn i gceist leis seo ná am a ghlacadh agus a bheith i láthair le caidrimh thacúla, sheasmhacha, agus chroíúla a spreagann ceangail shábháilte le cúramóirí a chothú, timpeallachtaí sláintiúla agus sábháilte, agus eispéiris fhiúntacha foghlama do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. |

| | |
|---|---|
| **Oideolaíochtaí beartaithe** | Gníomhartha beartaithe oideoirí le tacú agus cur le heispéiris foghlama, riachtanais, spéiseanna, smaointe, scileanna, buanna naíonán, lapadán agus leanaí óga, agus lena n-éascú. |
| **Rannpháirtíocht** | Bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga páirteach i ndéanamh cinntí, éistear lena gcuid tuairimí, glactar go dáiríre leo agus síltear iad a bheith tábhachtach chun críche toradh nó athrú a bhaint amach. |
| **Spioradáltacht** | Baineann spioradáltacht le grá don saol, do dhaoine eile, agus le tuiscint ar an nasc leis an duine féin, le daoine eile, leis an dúlra, leis an domhan agus, i gcás daoine áirithe, le cuspóir níos mó nó le hardchumhacht. Baineann sí le creidimh agus cleachtais phearsanta a d'fhéadfadh a bheith nasctha le reiligiún eagraithe, ach ní gá go mbeadh. |
| **Suaimhneas** | Baineann suaimhneas le bheith ciúin, socair agus dírithe. Baineann sé le tabhairt faoi deara agus le bheith i láthair in iontas an ama i láthair. |
| **Teicneolaíocht Oiriúnaitheach** | Is ionann Teicneolaíocht Oiriúnaitheach (TO) agus earra ar bith a thacaíonn le cumas naíonán, lapadán agus leanaí óga bheith rannpháirteach go gníomhach ina dtimpeallacht. Is féidir le gléasanna ar nós bogearraí formhéadaithe, scáileáin tadhaill idirghníomhacha, trealamh sainoiriúnaithe nó bréagáin lascoibrithe a bheith i gceist le TO. |
| **Teicneolaíochtaí digiteacha** | Tagraíonn teicneolaíochtaí digiteacha d'uirlisí agus gléasanna leictreonacha. Áirítear leis seo, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh, ríomhairí, táibléid, uirlisí Cumarsáide Breisithí agus Malartaí (CBM), ceamaraí digiteacha, bogearraí sainoiriúnaithe, teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, boscaí solais, micreascóip, teilgeoirí taca, micreafóin, callairí, gutháin phóca agus an t-idirlíon. D'fhéadfadh eispéiris phlugáilte agus dhíphlugáilte a bheith i gceist le teicneolaíochtaí digiteacha (féach thuas). |
| **Tionchar** | Baineann sé seo le tionchar fiúntach a bheith ag dearcthaí agus tuairimí naíonán, lapadán agus leanaí óga ar chinntí a imríonn tionchar ar a gcuid foghlama agus forbartha. |
| **Toibreacha eolais** | Tagraíonn toibreacha eolais do na scileanna, eolas agus spéiseanna luachmhara a fhoghlaimíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga óna dteaghlaigh agus óna bpobail. D'fhéadfadh cócaireacht, garraíodóireacht, siopadóireacht, feirmeoireacht, scéalaíocht agus traidisiúin chultúrtha a bheith i gceist leis seo. Úsáideann oideoirí an t-eolas seo leis an luathfhoghlaim agus luathfhorbairt a chothú, agus le cur léi, trí eispéiris foghlama agus múscailtí fiúntacha a chur ar fáil atá nasctha le saolta laethúla naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. |
| **Toiliú** | Toiliú is ea nuair a lorgaímid cead go dtarlódh rud éigin nó nuair a aontaímid go ndéanfá rud éigin nó go ndéanfaí rud éigin duit. Tá meas agus cumarsáid ón dá pháirtí ag teastáil chuige agus is coincheap tábhachtach é go bhfoghlaimeodh naíonáin, lapadáin, leanaí óga faoi ó aois óg. Cuimsíonn toiliú eolas mar gheall ar a dteorainneacha féin agus teorainneacha daoine eile mar aon le meas orthu sin. |
| **Tuismitheoir** | Is ionann 'tuismitheoir' anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí. |
| **Uimhearthacht éiritheach** | Forbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga tuiscint ar choincheapa matamaiticiúla sa domhan mórthimpeall orthu. Baineann uimhearthacht sa luath-óige le hiniúchadh agus forbairt scileanna matamaiticiúla, coincheap, eolais agus tuisceana. Tríd an súgradh agus eispéiris phraiticiúla, feiceann agus idirghníomhaíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le coincheapa amhail uimhir, cruth agus spás, méid, toirt, srl., agus iad ag éirí fiosrach faoi agus ag forbairt feasacht ar a bhfeidhmeanna agus ar a gcuspóir. |

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

## *Treoir don Dea-Chleachtas*

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
2024



# An Clár Ábhar

Réamhrá 2

Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chur Chuige Bunaithe ar Chearta 4

- Cearta agus cumas gníomhúcháin 5
- Saoránacht dhomhanda sa luath-óige 7
- Ag tacú le hinbhuanaitheacht mar shaoránaigh dhomhanda 8

Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chaidrimh agus Idirghníomhaíochtaí 10

- Oideolaíocht mhall chaidreamhach 11
- Cur chuige an phríomhtheagmhálaí 12
- Cairdis 13
- An t-oideoir gníomhaíoch 14

Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chomhpháirtíochtaí agus Naisc 16

- Comhpháirtíochtaí le teaghlaigh 17
- Naisc phobail 18

Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha 20

- Ag tabhairt tús áite don súgradh 21
- An timpeallacht foghlama ionchuimsitheach 24

Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Thimthriall Machnamhach na Pleanála agus an Mheasúnaithe 26

- Timthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe 27
- Measúnú fiúntach agus doiciméadú 34
- Aistrithe 35

Tagairtí 38




# Réamhrá

Is é *Aistear* an creatchuraclam do gach uile pháiste ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Foilsíodh den chéad uair in 2009 é agus nuashonraíodh é in 2024. I bhFís an Chreata, cuirtear naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in iúl mar dhaoine gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha, agus cuirtear oideoirí in iúl mar dhaoine gníomhaíocha, inniúla, muiníneacha agus machnamhacha. Tá naoi bPrionsabal na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha i gceist leis. Déantar cur síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga in *Aistear*, trí na ceithre Théama idircheangailte seo a leanas:

- **Folláine**
- **Féiniúlacht agus Muintearas**
- **Cumarsáid**
- **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.**


Tacaíonn an *Treoir don Dea-Chleachtas* le hoideoirí chun tuiscint a fháil ar an bhFís, ar na Prionsabail agus ar na Téamaí sa Chreat nuashonraithe, agus a bheith ag plé leo. Ar an gcaoi céanna leis na *Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais (CNCM, 2009)*, déantar cur síos sa Treoir ar an dea-chleachtas agus cuirtear le roinnt de na smaointe tábhachtacha a tugadh isteach sa Chreat nuashonraithe. Cuirtear an Treoir i láthair i gcúig réimse:

- Tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta
- Tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí
- Tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus naisc
- Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
- Tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe.




Fíor 1: Ábhair an *Treoir don Dea-Chleachtas*

# Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chur Chuige Bunaithe ar Chearta



**Ní le hoidhreacht a fhaighimid an talamh, ach ar iasacht ónár gclann**


## Cearta agus cumas gníomhúcháin

Is sealbhóir ceart é gach naíonán, lapadán agus leanbh óg. Déantar cur síos in *Aistear* ar conas is féidir leis an gcuraclam deiseanna fiúntacha a chur ar fáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga foghlaim faoina gcearta agus taithí a fháil ar conas a aithnítear na cearta sin tríd an gcuraclam luath-óige. Tá sé de cheart ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga go dtugtar aire dóibh, go gcothaítear iad agus go dtacaítear leo chun fás agus forbairt a dhéanamh. Tá sé de cheart acu go gcaitear go cothrom leo agus nach ndéantar leithcheal orthu. Caithfidh a leas a bheith i gcroílár na n-eispéireas luath-óige i gcónaí, neadaithe i gcaidrimh agus idirghníomhaíochtaí measúla. Tá na cearta sin gan choinníoll agus is iad bunchloch an oideachais agus an chúraim luath-óige iad.

In *Aistear*, cuirtear naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in iúl mar rannpháirtithe gníomhaíocha agus gníomhairí an athraithe ina saol féin. Is éard is brí leis sin seo ná go léirítear meas ar a gcuid tuairimí maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu orthu agus rogha a chur ar fáil ionas go mbeidh siad páirteach sa chinnteoireacht. Tá an cumas gníomhúcháin neadaithe i gcaidrimh mheasúla ina gcothaítear agus ina n-aithnítear cearta na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga. Tá difríocht bheag céille idir gníomhaíoch agus cumas gníomhúcháin. Is ionann a bheith gníomhaíoch agus nuair a bhíonn naíonán, lapadán nó leanbh óg cumasaithe agus nuair a dhéanann siad a roghanna agus a gcinntí féin. Is ionann a bheith gníomhaíoch agus guth agus tionchar a bheith ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ar a gcuid foghlama féin (Fíor 2).

**D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le 'guth', cé nach bhfuil sé teoranta dóibh: caint, tostanna, caoineadh, míreanna cainte, gothaí gnúise, gníomhartha, freagairtí, bogadh na súl, Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach, amhrán, marc-chruthú, na healaíona agus comhráite.**

**Is ionann cumas gníomhúcháin i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga agus a bheith in ann roghanna a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama agus ina gcuid foghlama.**




Fíor 2: An naíonán, an lapadán agus an leanbh óg gníomhaíoch

In amanna beidh ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith ag brath ar oideoirí, ar an teaghlach, agus ar dhaoine eile ina saol chun éascaíocht a dhéanamh ar a riachtanais, a gcearta agus a mianta, iad a léirmhíniú, tuiscint a fháil orthu, agus freagra a thabhairt orthu. Tá sé ríthábhachtach do ról an oideora go léirítear meas ar ghuth an naíonáin, an lapadáin agus an linbh óig, agus go mbeifí i dtiúin leis. Leagtar béim in *Aistear* ar na caidrimh thábhachtacha agus na ceangail mhothúchánacha leis na hoideoirí agus eatarthu, chomh maith leo siúd a dtugann siad aire dóibh agus a gcuireann siad oideachas orthu sa luath-óige.

Má chruthaítear am agus spás chun freagra a thabhairt ar ghuthanna na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, is féidir le hoideoirí a chinntiú:

- go gcaitear le cách go cóir agus go measúil
- go bhfuil an méid a theastaíonn uathu acu chun a bheith faoi bhláth agus faoi rath
- go bhfuil a leas i gcroílár an churaclaim luath-óige ionchuimsithigh, rannpháirtíochta.

Leagtar béim in *Aistear* ar thábhacht fheasacht na n-oideoirí ar an tairbhe a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar an dearcadh atá acu maidir leis na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a n-oibríonn siad leo. Cuireann machnamh den chineál sin ó na n-oideoirí leis an gcaoi a dtuigeann siad an fhreagracht atá orthu, meas a léiriú ar chearta na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, agus iad a chosaint agus a chomhlíonadh.

Aithnítear in *Aistear* go mb'fhéidir go dteastódh tacaíocht nó acmhainní breise ó roinnt naíonán, lapadán agus leanaí óga chun an comhionannas deiseanna a chinntiú agus lena gcumasú le bheith rannpháirteach agus san áireamh go hiomlán. Is éard atá i gceist ná bacainní a shárú dóibh siúd atá níos leochailí ó thaobh an eisiaimh de. Baineann cothromas sa luath-óige le cothroime maidir le dul i ngleic le haon dúshlán a chuirtear roimh naíonán, lapadán nó leanbh óg mar gheall ar a gcúlra nó ar a gcumas.

## Saoránacht dhomhanda sa luath-óige

Cuirtear an fhoghlaim agus an fhorbairt chun cinn in *Aistear*, agus iad treoraithe ag cur chuige measúil, bunaithe ar chearta. Trí aitheantas a thabhairt d'inniúlachtaí na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a bhíonn ag forbairt de réir mar a fhásann agus mar a thagann siad in aibíocht, leagtar béim ar a bhfreagrachtaí atá ag teacht chun cinn mar shaoránaigh dhomhanda. Is éard is brí leis sin ná go mbreathnaítear ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mar shaoránaigh an domhain agus faigheann siad tuiscint ar an domhan níos leithne agus a n-áit ann.

**Cuirtear tuiscint in iúl in *Aistear* ar an tsaoránacht dhomhanda, ina mbreathnaítear ar gach naíonán, lapadán agus leanbh óg mar bhall gníomhach a bpobail, a bhfuil naisc dhoimhne acu le daoine agus le háit, agus a léiríonn meas ar an gceartas, ar an gcothromas, agus ar chearta an duine.**

Tá an tsaoránacht dhomhanda neadaithe i Spriocanna Foghlama *Aistear*. Tacaíonn an Creat le deiseanna fiúntacha chun an fhorbairt agus an fhoghlaim iomlánaíoch a chothú trí chabhrú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga cur lena gcuid eolais agus tuisceana faoin domhan agus faoina daoine a bhfuil cónaí orthu ann. Tá béim ar leith ann ar úsáid an tsúgartha fhiúntaigh agus na n-eispéireas foghlama praiticiúla chun tacú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga foghlaim. Cabhraíonn na heispéiris sin leo meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint a fhorbairt chun gníomhú anois, agus amach anseo, ar mhaithe le domhan níos córa, níos suaimhní , níos inbhuanaithe agus níos cothroime.

# Ag tacú le hinbhuanaitheacht mar shaoránaigh dhomhanda

Bíonn freagrachtaí atá ag teacht chun cinn maidir leis an maireachtáil inbhuanaithe ag gach naíonán, lapadán agus leanbh óg. Cruthaítear feasacht ar ómós áite, agus muintearas laistigh den phobal níos leithne, nuair a chabhraítear le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga nasc a chruthú le seirbhísí, suíomhanna, áiteanna, daoine agus dúlra éagsúla taobh amuigh den timpeallacht thart timpeall orthu.

**Díríonn an t-oideachas don fhorbairt inbhuanaithe in *Aistear* ar conas a thacaítear le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga chun aire a thabhairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don chomhshaol, agus caitear leo le meas, comhbhá, cineáltas agus cothromas.**

Nuair a fhoghlaimítear faoin inbhuanaitheacht tarraingítear aird ar iontais an domhain. Trí ionadh agus iontas na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a chothú sa stair, seanchas agus scéalaíocht áitiúil agus trí spéis sa dúlra agus i gcrainn, i bplandaí agus i bhfiadhúlra dúchasach a chothú, cruthaítear feasacht eolach ar ómós áite. Cuireann oideoirí cultúr an mheasa agus na freagrachta chun cinn, maidir le tacú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga tuiscint a fháil ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar an mbithéagsúlacht. Chomh maith leis sin, tacaítear leo foghlaim faoi cheisteanna ar nós na héagothroime agus an leithcheala. D'fhéadfadh comhbhá a léiriú don phláinéad agus do na daoine a chónaíonn air, tacú leis an tsláinte choiteann, agus tuiscint maidir le ceartas sóisialta agus cothromas a fhorbairt a bheith mar chuid de seo.





# Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chaidrimh agus Idirghníomhaíochtaí





**Ní neart go cur le chéile**

## Oideolaíocht mhall chaidreamhach

Is tréimhse í an luath-óige ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an leanbh ag foghlaim ó eispéiris de réir mar a thiteann siad amach. Is éard atá i gceist leis an oideolaíocht mhall chaidreamhach ná moilliú síos, am a ghlacadh, a bheith i láthair san am i láthair leis an naíonán, an lapadán agus an leanbh óg. Déanann gach naíonán, lapadán agus leanbh óg forbairt ina am féin agus ar a bhealach féin. Cuireann an t-oideoir a n-idirghníomhaíochtaí agus a gcleachtas in oiriúint chun tacú le tréimhse speisialta seo san fhorbairt dhaonna.

**Is iad caidrimh agus idirghníomhaíochtaí croílár an oideachais agus an chúraim luath-óige, áit a bhfásann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga i gcomhthéacs caidreamh sábháilte, lách agus dearfach le hoideoirí a chuireann suaimhneas, grá, am agus spás ar fáil.**

Tacaíonn an oideolaíocht mhall chaidreamhach leis an gceangal sábháilte trí spás a chur ar fáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga chun naisc a bheith acu le níos mó ná duine amháin lasmuigh den teaghlach. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go mbíonn siad compordach ag cothú caidreamh nuair nach mbíonn an teaghlach thart orthu. Nuair a bhíonn dúshláin le sárú ag teaghlaigh, bíonn ról ríthábhachtach ag na hoideoirí luathbhlianta agus/nó feighlí leanaí maidir leis na naisc sin a thógáil. Tá an oideolaíocht mhall chaidreamhach go maith do chách toisc go dtarraingíonn sé aird ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar eispéiris saoil ar leith gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig. Cabhraíonn sé freisin na daoine a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu a shainaithint, ag amanna difriúla agus i gcúinsí difriúla.

Tábla 1: Gnéithe na hoideolaíochta moille caidreamhaí

| I measc ghnéithe na hoideolaíochta moille caidreamhaí: |
|---|
| • A chinntiú go bhfuil an t-am, an tsaoirse agus an spás ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le bheith agus le taispeáint go bhfuil siad gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach. |
| • A bheith i dtiúin le mothúcháin, riachtanais agus cearta. A bheith in ann leideanna na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a léirmhíniú chomh maith leis an iliomad bealaí ina ndéanann siad cumarsáid lena chinntiú go n-éistear lena nguth agus go dtugtar freagra orthu. |
| • A bheith i láthair go mothúchánach agus go fisiciúil san am i láthair. |
| • Am a chur ar leataobh i rith an lae chun riachtanais, spéiseanna, cumais agus mianta gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig a thabhairt faoi deara, a chothú, a fhreagairt agus machnamh a dhéanamh orthu. |
| • Aiseolas a thabhairt (idir bhriathartha agus neamhbhriathartha), iarrachtaí a ainmniú agus a dhearbhú, dul chun cinn agus gnóthachtálacha a cheiliúradh, cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh, cabhrú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga foghlaim ó bhotúin, constaicí agus dúshláin, agus a gcuid foghlama a phleanáil, a dhoiciméadú agus a mheasúnú. |
| • Ceadú d'fhorbairt churaclaim éiritheach, atá bunaithe ar fhiosrú agus a bhfuil súgradh mar bhonn leis, atá tógtha ar spéiseanna atá ag teacht chun cinn, a ngnáthaimh chúraim, cúlraí cultúrtha, cumais, toibreacha eolais agus cairdis luatha, agus freagairt don ghrúpa ag an am céanna. |
| • Tacú le haistrithe gach lá, isteach sa timpeallacht foghlama agus amach aisti agus laistigh dá ngnáthaimh laethúla trí thacaíocht shaincheaptha bunaithe ar thuiscint ar an naíonán, ar an lapadán agus ar an leanbh óg, agus ar an gcaidreamh leo. |
| • Comhpháirtíochtaí a thógáil le teaghlaigh ar bhealach airdeallach, measúil, le híogaireacht chultúrtha ar luachanna na dteaghlach agus ar chleachtais tuismitheoireachta, cleachtais a bhféadfaí meas a léiriú orthu agus aithris a dhéanamh orthu laistigh den suíomh, más cuí. |
| • Meitheal (braistint phobail) a fhorbairt agus taithí a fháil uirthi, agus a bheith ar an eolas faoi chearta agus freagrachtaí atá ag teacht chun cinn sa phobal sin. |

## Cur chuige an phríomhtheagmhálaí

Cinntíonn an cur chuige bunaithe ar phríomhtheagmhálaí go n-ainmnítear duine faoi leith do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg – d'fhéadfadh oideoir luathbhlianta agus/nó feighlí leanaí a bheith i gceist – a bhíonn freagrach as dlúthchaidreamh a chruthú leo. D'fhéadfadh an príomhtheagmhálaí a bheith mar phointe teagmhála don teaghlach freisin agus obair i gcomhpháirtíocht leo chun tacú le cumas ar leith gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig. Nuair a bhíonn tuiscint ag an bpríomhtheagmhálaí ar luach agus uathúlacht gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig faoina chúram, tuigeann an príomhtheagmhálaí freisin an luach a bhaineann lena ról i bhforbairt agus i bhfoghlaim iomlánaíoch na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a éascú, a threorú, a scafláil, a stiúradh agus a chothú. Baintear é sin amach trí idirnascadh an chúraim agus an oideachais. Go suntasach, ní bhíonn an príomhtheagmhálaí ag obair ina aonar agus bíonn tacaíocht na n-oideoirí eile aige chun aire a thabhairt do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus iad a chothú sa timpeallacht foghlama.

Tá ról an príomhtheagmhálaí ríthábhachtach chun caidrimh a thógáil agus an oideolaíocht mhall chaidreamhach a chur i bhfeidhm. Agus iad ar shiúl óna dteaghlach, is é a theastaíonn ó naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ná caidreamh seasmhach agus pearsanta le hoideoir a bhfuil aithne mhaith aige orthu agus a bhfuil muinín acu as agus ar a mbíonn siad in ann bheith ag

brath. Tacaíonn an príomhtheagmhálaí le haistrithe isteach sa suíomh, laistigh de agus amach uaidh, agus is nasc é idir teaghlaigh agus suíomhanna. Nascann siad domhain shóisialta na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, ag tacú lena gcuid ceart agus lena bhforbairt agus lena bhfoghlaim iomlánaíoch. Bíonn siad ag obair le comhghleacaithe agus ag déanamh machnaimh leo chun timpeallacht foghlama ionchuimsithí agus comhionannas deiseanna a chruthú do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg. Tógann sé sin pobail chleachtais chomh maith le comhpháirtíochtaí le daoine atá tábhachtach i saol na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga.

## Cairdis

Cuireann cairdeas le daoine eile go mór le saol na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga. Nuair a dhéantar cairde agus nuair a chaitear am lena chéile cothaítear tuiscint orthu féin, tuigtear go bhfuil meas orthu agus cothaítear braistint mhuintearais. Tógtar naisc ionas go mbíonn fonn orthu aire a thabhairt dá chéile agus súil a choinneáil ar a chéile. Déantar ceiliúradh ar chairdis in *Aistear* trí dheiseanna a chur ar fáil d'eispéiris áthasacha, chomhroinnte agus don mhuintearas. Cruthaíonn gnáthaimh réchúiseacha an t-am agus an spás do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith i láthair san am i láthair, taitneamh a bhaint as comhluadar a chéile agus as na smaointe agus déantúis iontacha a fhorbraítear agus iad i mbun súgartha agus idirghníomhaíochta. Cuireann caidrimh le piaraí agus deartháireacha agus deirfiúracha tacaíocht mhothúchánach ar fáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, chomh maith le taithí ar threorú, leanúint, scafláil, idirbheartaíocht a dhéanamh, réiteach coimhlinte, réiteach fadhbanna, botúin a dhéanamh, sealaíocht agus dul sa seans.


Bíonn cairdis faoi bhláth nuair a bhíonn an t-am ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith ag spraoi gach lá, ag taiscéalaíocht, ag idirghníomhú, agus ag cumarsáid leis an ngrúpa céanna, agus nuair a spreagtar iad agus tacaítear leo cabhair a lorg óna chéile agus cabhair a thairiscint dá chéile. D'fhéadfadh a gcairdis cabhrú le teaghlaigh naisc a thógáil lena chéile agus líonraí tacaíochta a chruthú. Fiú agus iad ag fás aníos agus ag bogadh ar aghaidh, is féidir le cothú na gcairdeas luath-óige bunchloch a chruthú dá ndomhain shóisialta agus é ag leathnú.



## An t-oideoir gníomhaíoch

Forbraíodh *Aistear* do gach duine a bhíonn ag plé leis an gCreat d'fhonn tacú le foghlaim agus forbairt an naíonáin, an lapadáin nó an linbh óig atá faoina chúram. Tá *Aistear* ceaptha a bheith solúbtha agus ba cheart go ndéanfaí é a léirmhíniú ó dhearcthaí difriúla, lena n-áirítear tuismitheoirí, caomhnóirí, feighlí leanaí agus oideoirí luathbhlianta, agus dá réir sin is féidir le gach duine a bheith ag plé leis.

Tacaíonn *Aistear* le gach oideoir a bheith gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach in *Aistear*. Léirítear meas ann ar thábhacht na gcaidreamh agus an chúraim a chothú, chomh maith leis an intinniúlacht a bheith ag iarraidh go mbeadh gach naíonán, lapadán agus leanbh óg faoi rath agus faoi bhláth.




Fíor 3: Oideoirí a bhíonn ag plé le *Aistear*

Tagann gach oideoir chuig *Aistear* bunaithe ar an gcaidreamh atá acu leis an naíonán, lapadán, leanbh óg, an teaghlach, a eolais agus taithí, chomh maith lena n-eolas ar ghnéithe na dtimpeallachtaí foghlama éagsúla. Is éard is brí le gníomhaíoch ná go bhfuil an tsaoirse ag an oideoir a chuid eolais agus scileanna a úsáid chun *Aistear* a léirmhíniú d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga atá faoina chúram. Aithníonn an t-oideoir gníomhaíoch an tábhacht a bhaineann le machnamh pearsanta, machnamh piaraí, pobail chleachtais agus chomhpháirtíochta a thógáil leis na daoine atá tábhachtach i saol na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga.

Tábla 2: A bheith i d'oideoir gníomhaíoch

| Is éard atá i gceist le bheith i d'oideoir gníomhaíoch ná: |
|---|
| • *Aistear* a léirmhíniú chun freagairt do riachtanais foghlama mo phríomhghrúpa. |
| • Mo chuid eolais agus cruthaitheachta a úsáid chun na Prionsabail agus Téamaí a léirmhíniú. |
| • Cinntí eolacha a dhéanamh chun tacú le foghlaim agus forbairt. |
| • Naisc le teaghlaigh agus pobail a éascú. |
| • A bheith i mo ghníomhaire athraithe chun an fhorbairt leanúnach a chur chun cinn. |
| • Na rudaí atá tábhachtach do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a thabhairt faoi deara. |
| • Tuiscint a bheith agam ar mo ról mar iompróir dualgais chun cearta an linbh a chur chun cinn. |
| • Mo chuid scileanna a úsáid chun curaclam a fhorbairt do mo thimpeallacht foghlama féin. |

Baineann oideoirí úsáid as a n-eolas agus a dtuiscint ar *Aistear* chun tacú leis an luathfhoghlaim agus luathfhorbairt agus lena dtreorú agus lena n-éascú. Is féidir feabhas a chur air sin trí bheith i d'eiseamláir maith agus meonta foghlama dearfacha a léiriú, mar shampla an cineáltas, an chomhbhá, an ionchuimsitheacht, an fhoighne, an bhuanseasmhacht, an spraíúlacht, an fhiosracht agus an díogras. Tá deis ann léirmhíniú leathan, cruthaitheach a dhéanamh ar an gCreat chun freagairt do riachtanais, cearta, spéiseanna, inniúlachtaí agus mianta na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga ar bhealach iomlánaíoch, fiúntach agus measúil. Leagtar béim laistigh den Chreat ar lárnacht an oideora maidir le machnamh a dhéanamh ar spásanna atá sábháilte, ionchuimsitheach, aeistéitiúil, dúshlánach, agus iad a chruthú, chomh maith le múscailtí agus timpeallachtaí chun tacú leis an bhforbairt agus leis an bhfoghlaim iomlánaíoch.

**Is éard atá i gceist le bheith machnamhach ná smaoineamh ar bhealach fiúntach faoin méid a chuireann gliondar agus sásamh ar gach naíonán, lapadán agus leanbh óg i dtimpeallacht ionchuimsitheach foghlama. Smaoiníonn an t-oideoir ar a chleachtas agus céard is féidir leis a dhéanamh chun foghlaim agus forbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a neartú agus a chur chun cinn. Chomh maith leis sin forbraíonn an t-oideoir pleananna dá fhoghlaim agus forbairt féin sa todhchaí.**

Is féidir le *Aistear* cur le cuir chuige churaclaim reatha agus iad a threorú d'oideoirí luathbhlianta atá ag plé leis an gCreat go gairmiúil. Cuirtear deiseanna ar fáil do léirmhínithe cruthaitheacha mar fhreagairt ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga faoina chúram. Leagtar béim ar luach an tsúgartha in *Aistear*, agus caidrimh agus ról an oideora maidir leis an am agus an spás a chruthú don rannpháirteachas domhain, don fhoghlaim agus don chruthaitheacht. Tá cuspóir ag treorú obair an oideora maidir le curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, chun forbairt agus foghlaim iomlánaíoch gach naíonáin, lapadáin nó linbh óig a neartú agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leo.

# Tacú le Foghlaim agus Forbairt tr Chomhpháirtíochtaí agus Naisc





**Tógann sé meitheal chun leanbh a thógáil**

## Comhpháirtíochtaí le teaghlaigh

Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí a thógáil le teaghlaigh chun tacú le foghlaim agus forbairt gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig. Príomhfhreagracht an oideora is ea caidrimh iontaofa le teaghlaigh a thógáil agus a bheith i dteagmháil leo i gcónaí. Is próiseas leanúnach é a ghlacann am agus tiomantas. Ar an gcaoi chéanna a dtugtar aitheantas d'idirghníomhaíochtaí treorach a bhaineann le hoideolaíocht mhall chaidreamhach le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, leagtar béim ag an am céanna ar am agus spás a chruthú le comhráite agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha a bheith ann le tuismitheoirí agus le teaghlaigh. Trí na hidirghníomhaíochtaí sin, is féidir le hoideoirí luathbhlianta a fháil amach cad atá tábhachtach do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun cabhrú leo mothú go bhfuil ardmheas orthu.

Aithnítear tuismitheoirí in *Aistear* mar mháithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora orthu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí. Tá go leor buntáistí ag baint le bheith ag obair le chéile do naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus dá dteaghlaigh, agus d'oideoirí freisin.

**Cé gur féidir le tuismitheoirí, caomhnóirí nó feighlithe leanaí atá ag plé leis an gCreat *Aistear* a úsáid i dtimpeallacht foghlama an bhaile chun tacú le foghlaim agus forbairt a bpáiste, is don oideoir atá ag dul i dteagmháil agus ag comhoibriú le teaghlach an naíonáin, an lapadáin agus an pháiste óig atá an mhír seo.**

**Is éard atá i gceist le comhpháirtíocht ná teaghlaigh agus oideoirí ag obair le chéile chun leasa na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga. Bíonn ardmheas ag teaghlaigh agus ag oideoirí ar a chéile, aithníonn siad na comhfhreagrachtaí atá orthu ó thaobh tacú le foghlaim agus forbairt an an naíonáin, an lapadáin agus an linbh óig.**

Léirítear meas in *Aistear* ar ról tábhachtach na dtuismitheoirí agus na dteaghlaigh ó thaobh tacú le foghlaim agus forbairt, agus cuirtear an ról seo chun cinn ann. Aithnítear freisin cumas na foghlama ó ghlúin go glúin agus caidrimh le baill níos sine an teaghlaigh agus an phobail. Leagann *Aistear* luach ar struchtúr teaghlaigh, chultúr/chultúir, theangacha éagsúla gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig, chomh maith leis an eolas a thugann siad leo óna gcuid eispéireas. Cruthaítear deiseanna chun curaclam a fhorbairt atá ábhartha agus fiúntach do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga nuair a dhéantar comhoibriú le teaghlaigh agus nuair a labhraítear leo. Cruthaítear spás don fhoghlaim chomhroinnte agus chun taighde a dhéanamh le chéile chun an curaclam a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Tá roinnt bealaí ann inar féidir le teaghlaigh páirt a ghlacadh ionas gur féidir leo a bheith muiníneach, gníomhach agus páirteach. Trí *Aistear*, treoraítear an t-oideoir chun caidrimh iontaofa a thógáil, go háirithe le teaghlaigh a mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu. Chun a chinntiú go bhfuil gach teaghlach páirteach, bíonn an t-oideoir freagrúil agus úsáideann sé cuir chuige dhifriúla bunaithe ar a chuid eolais agus ar a chuid tuisceana ar an teaghlach.

Is féidir le comhpháirtíocht faoi lán seoil le teaghlaigh:


- tacú leis an luathfhoghlaim agus luathfhorbairt trína bheith ag obair le chéile
- cumarsáid mhaith agus comhroinnt eolais a chuimsiú
- cinntí a dhéanamh le chéile a chuimsiú.

Aithnítear in *Aistear* go bhfuil ról tábhachtach ag oideoirí maidir leis an gcomhpháirtíocht a chur chun cinn agus go mbeadh teaghlaigh rannpháirteach. Is féidir leo tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do theaghlaigh óna ndearcadh gairmiúil. Tarraingítear aird sa Chreat ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil an suíomh freagrúil d'eispéireas ar leith gach naíonáin, lapadáin, linbh óig agus teaghlach ann, agus go léirítear ann iad.

## Naisc phobail

Bíonn áit ar leith ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga sa phobal agus cuireann siad áthas agus dóchas ar na daoine thart timpeall orthu. Nuair a thógtar naisc agus a léirítear meas orthu, cruthaítear an deis Fís *Aistear* a thabhairt isteach sa phobal agus braistint meithle (spiorad pobail de theacht le chéile) a chruthú. Cuireann naisc phobail feasacht an tsochaí ar an naíonán, lapadán agus leanbh óg gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach chun cinn, chomh maith le tábhacht na luath-óige. Cothaítear ómós áite na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga ar a bpobal agus ar an domhan níos leithne.

Aithnítear in *Aistear* an tábhacht a bhaineann le bheith ag plé le daoine eile chun cabhrú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcumas a bhaint amach trí bhacainní a shárú agus dúshlán a chur roimh steiréitíopaí, leithcheal agus réamhchlaonadh. Is gnéithe fíorthábhachtacha iad pobail chleachtais, machnamh piaraí agus nascadh le gairmithe agus gníomhaireachtaí eile a bhíonn ag obair i róil idirdhisciplíneacha ag tacú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus lena dteaghlaigh. Ról tábhachtach de chuid an oideora is ea cabhrú le teaghlaigh rochtain a fháil ar sheirbhísí idirghabhála luatha agus acmhainní eile chomh maith le bheith ag comhoibriú le gairmithe eile a d'fhéadfadh a bheith páirteach i saol an naíonáin, an lapadáin nó an linbh óig.





# Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha






**An rud a chíonn an leanbh, is é a níonn an leanbh**

## Ag tabhairt tús áite don súgradh

Is breá le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga súgradh agus is minic a bhíonn na rudaí atá tábhachtach ina saolta le feiceáil sa súgradh sin. Is féidir leis an súgradh a bheith ciúin nó glórmhar, mínéata nó néata, greannmhar nó dáiríre, dian nó gan dua. Is féidir leis tarlú taobh istigh nó amuigh faoin aer agus forbraíonn sé de réir mar a fhásann agus a athraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Tá an súgradh fíorthábhachtach do conas a bhaineann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ciall as a ndomhan, agus tugann sé roghanna dóibh maidir le cathain, céard, cá háit, cén chaoi agus cé leis ar cheart súgradh. Is féidir leis an súgradh a bheith ina bhealach le caidreamh a thógáil nó a neartú, cairdis a dhoimhniú nó cinn nua a thosú. Bíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag súgradh ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta bíonn siad ag taiscéalaíocht nó ag foghlaim faoi rudaí nua. Uaireanta eile bíonn foghlaim atá déanta acu cheana féin á neartú acu nó bíonn scil nua á cleachtadh acu.

Tá súgradh luachmhar agus is bealach taitneamhach é le rudaí a dhéanamh. Bíonn an ceart agus an fonn ag gach naíonán, lapadán agus leanbh óg súgradh. Teastaíonn an t-am agus an spás uathu chun a súgradh a fhorbairt. Tionscnaíonn an páiste an saorshúgradh agus d'fhéadfadh riosca, dúshlán, sonas, dóchas agus rannpháirtíocht dhomhain a bheith i gceist leis. Chomh maith le héascaíocht a dhéanamh do thréimhsí fada de shúgradh gan bhriseadh a thionscnaíonn an páiste agus tacú leis na tréimhsí sin, is féidir le hoideoirí cuimhneamh ar dheiseanna súgartha comhroinnte le plé le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga i mbealaí tairbheacha agus tuisceanacha. Féadfar é sin a dhéanamh trí shúgradh treoraithe nó trí eispéiris foghlama bheartaithe, spraíúla faoi stiúir an oideora. Is comrádaithe maithe an tsúgartha iad oideoirí, nuair a bhíonn siad i dtiúin leis an rannpháirtíocht dhomhain agus le súgradh na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga. Tá siad measúil ó thaobh fios a bheith acu cén uair ba cheart dóibh páirt a ghlacadh sa súgradh agus cén uair ba cheart dóibh stopadh ag súgradh, muinín a bheith acu as an bpróiseas agus an t-áthas a roinnt. Bíonn idir shaorshúgradh, shúgradh treoraithe agus eispéiris spraíúla faoi threoir an oideora i gceist leis an ngnáthamh laethúil, a chuireann rogha agus deis ar fáil don fhoghlaim agus don fhorbairt.




Fíor 4: Súgradh agus eispéiris spraíúla

**Tá cineálacha éagsúla súgartha ann, ina measc, ach nach bhfuil sé teoranta dóibh: súgradh céadfach, súgradh fiontrach agus rioscach, súgradh bréige, súgradh cruthaitheach, súgradh samhlaíoch/bréige, súgradh sluparnach, súgradh teanga, súgradh tógála agus bloicíní, súgradh domhain bhig agus súgradh garbh.**







Ceadaíonn timpeallacht ionchuimsitheach, a bhfuil na hacmhainní cearta inti, gluaiseacht idir na heispéiris spraíúla dhifriúla taobh istigh agus amuigh faoin aer. Léirítear freisin riachtanais, cearta, spéiseanna, inniúlachtaí agus mianta na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga. Bíonn múscailtí don súgradh neamhiata agus meallann siad eispéiris a spreagann fiosracht agus ionadh. Cuireann siad deiseanna ar fáil le bheith ag spraoi go cróga, ag spreagadh na taiscéalaíochta agus an fhiosrúcháin, a chruthaíonn spás don fhoghlaim, don fhorbairt, don ghníomhú, don sonas agus don gháire.

**Trí thacú le curaclaim éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú agus a bhfuil an súgradh mar bhonn faoi, is féidir aird a thabhairt ar an méid atá tábhachtach agus bainteach le saol na naíonán, na lapadán, na leanaí óga agus a theaghlach, na n-oideoirí agus an phobail, agus é sin a chothú. Tacaíonn sé leo iniúchadh agus taighde a dhéanamh trí shúgradh, triail a bhaint as rudaí, idirbheartaíocht a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, ceisteanna a chur, comhráite a bheith acu agus machnamh a dhéanamh.**

Trí eolas a léiriú i dtaobh fhiosracht na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, tacaítear le cuspóir eolach don oideoir maidir le foghlaim a leathnú agus domhan deiseanna agus ionaidh a chruthú. Glactar leis na gnáthaimh (gnáthaimh chúraim, oiliúna ar úsáid leithris agus bheathaithe san áireamh), aistrithe agus sruth an lae ar bhealach mall agus cothaitheach mar chuid den aistear foghlama.

## An timpeallacht foghlama ionchuimsitheach

Aithníonn *Aistear* lárnacht timpeallachta ionchuimsithí agus freagrúla ó thaobh spás agus atmaisféar a chruthú a chothaíonn díocas foghlama i measc na naíonán, lapadán agus leanaí óga ar fad.

**Is éard a thuigtear le timpeallacht foghlama ionchuimsitheach ná an spás fisiciúil agus na hacmhainní fisiciúla taobh istigh agus amuigh faoin aer araon, na gnáthaimh agus aistrithe laethúla, na caidrimh agus na hidirghníomhaíochtaí sa suíomh.**

Treoraíonn machnamh, breathnú agus comhairliúchán le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, teaghlaigh agus páirtithe leasmhara ábhartha eile pleanáil timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha agus cuireann siad bonn eolais faoi na múscailtí a leagtar amach agus a chuirtear i bhfeidhm don rannpháirtíocht agus don fhiosrú fiúntach. Cruthaíonn an t-oideoir timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha nuair a bhíonn eolas tábhachtach acu maidir le conas is féidir tacú le riachtanais fhisiciúla, theangeolaíocha, chéadfacha, mhothúchánacha nó bhreise na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga. Is éard a bhíonn i gceist le hionchuimsitheacht na timpeallachta a fheabhsú ná ábhair chuí agus múscailtí a chur ar fáil agus cuimhneamh ar leagan amach agus inneachar an spáis taobh istigh agus amuigh faoi aer. Léiríonn na hacmhainní riachtanais, spéiseanna agus inniúlachtaí na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga chun a bhforbairt agus a bhfoghlaim iomlánaíoch a threorú, le béim ar ábhair neamhiata. Áirítear leis seo fócas d’aon ghnó ar fholláine a chur chun cinn, chomh maith le braistint féiniúlachta agus muintearais, na healaíona, litearthacht éiritheach, uimhearthacht éiritheach agus coincheapa ETIM, laistigh de churaclam bunaithe ar shúgradh.

Cruthaítear tuilleadh deiseanna chun meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a fhorbairt, trí bhéim athnuaite a leagan ar a bheith amuigh faoin aer, ar an dúlra agus ar an domhan níos leithne. Tá rochtain ag teastáil ó naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ar an domhan lasmuigh, áit ar féidir leo mothú nasctha leis an domhan nádúrtha agus ina gcuid de – an spéir os a gcionn, an talamh thíos fúthu, flóra agus fána an domhain.

**Is acmhainní iad múscailtí atá leagtha amach agus/nó curtha ar bun chun an fhiosracht agus an rannpháirteachas a spreagadh. D’fhéadfaidís a bheith neamhiata nó dírithe ar spéis nó ar sprioc foghlama ar leith. Is féidir lámh a leagan ar mhúscailtí, iad a iniúchadh, a láimhseáil agus a fhiosrú mar chuid den saorshúgradh, súgradh treoraithe nó eispéiris spraíúla faoi threoir an oideora.**

Tacaíonn an tábhacht a bhaineann le spásanna cumarsáide inar féidir le naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus oideoirí a bheith le chéile le hidirghníomhú, éisteacht, tabhairt faoi deara, breathnú, agus eispéiris a roinnt (béilí a bheith acu le chéile san áireamh) agus a bheith i láthair leis an bpróiseas rannpháirteach agus machnamhach seo sa timpeallacht foghlama ionchuimsitheach. Is féidir *Aistear* a léirmhíniú i mbealaí nuálacha agus cruthaitheacha le rannpháirtíocht agus ionadaíocht fhiúntach naíonán, lapadán agus leanaí óga i dtimpeallacht foghlama ionchuimsitheach a spreagadh.

Tá an timpeallacht ionchuimsitheach freagrúil do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg ar leith agus a riachtanais, spéiseanna agus cumais ar leith. Ritheann sé agus athraíonn sé trí na séasúir de réir mar a fhásann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, de réir mar a fhoghlaimíonn siad rudaí nua, agus de réir mar a fhorbraíonn siad spéiseanna nua. Bíonn spásanna gníomhacha agus suaimhneacha mar chuid di, agus bíonn éascaíocht rochtana idir an taobh istigh agus amuigh faoin aer i gceist, agus an tsaoirse cinntí a dhéanamh. Bíonn gach duine cumasaithe chun páirt a ghlacadh i dtimpeallacht ionchuimsitheach.



# Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Thimthriall Machnamhach na Pleanála agus an Mheasúnaithe






**Mol an óige agus tiocfaidh sí**

# Timthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe

Spreagtar forbairt agus pleanáil an churaclaim in *Aistear* trí thimthriall leanúnach Tabhairt Faoi Deara, Cothaithe, Freagartha agus Machnaimh (Fíor 5). Tacaíonn timthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú agus a bhfuil an súgradh mar bhonn faoi. Tá sé bunaithe ar thuiscint na hoideolaíochta moille caidreamhaí.

Dearadh an timthriall seo chun tacú le measúnú fiúntach na foghlama agus na forbartha trí dheiseanna chun an curaclam a dhoiciméadú ag na céimeanna difriúla a bhaineann le Tabhairt Faoi Deara, Cothú, Freagairt agus Machnamh. Sa chaoi sin, léiríonn doiciméadú leanúnach an tábhacht a bhaineann le próisis na rithimí agus na ngnáthamh laethúil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga. Tá sruth idircheangailte ann sna próisis a bhaineann le Tabhairt Faoi Deara, Cothú, Freagairt agus Machnamh, a aithníonn ról an oideora ghníomhaigh mhachnamhaigh ó thaobh tacú le riachtanais, chearta, spéiseanna, cumais agus mhianta an naíonáin, an lapadáin agus an linbh óig, agus éascaíocht a dhéanamh dóibh.

Cuireann Téamaí agus Spriocanna Foghlama *Aistear* an bunús ar fáil don phleanáil agus don mheasúnú, agus do churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a fhorbairt chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa luath-óige.




Fíor 5: Timthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe

## Tabhairt faoi deara

Nuair a thagann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga chuig an suíomh luath-óige nó chuig an timpeallacht foghlama sa bhaile den chéad uair, cuireann an t-oideoir tús leis an bpróiseas a bhaineann le haithne a chur orthu. Trí idirghníomhaíochtaí, tosaíonn an t-oideoir ag tabhairt rudaí tábhachtacha faoi deara faoi shaol na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga faoina chúram. Cuirtear leis an tuiscint sin le himeacht aimsire.

**Is ionann tabhairt faoi deara agus rudaí tábhachtacha a fheiceáil.**

Tugaim faoi deara an dóigh a dtiteann Molly ina codladh i mo bhaclainn nuair a chanaim léi – is ionann an t-amhrán is ansa léi agus an ceann is ansa liomsa!

**Ag tabhairt faoi deara i dtimpeallacht foghlama an bhaile**

Tugaim faoi deara an chaoi a dtaitníonn an scéal "Béar Donn" go mór le Filip, é á thabhairt chuig an gcúisín le hEllie lena 'léamh' le chéile i seomra an Bhabaí. Déanann sé aithris ar ár ngnáthaimh scéalaíochta.

**Ag tabhairt faoi deara i suíomh na luath-óige**

Tá an gníomh seo de rudaí a thabhairt faoi deara fréamhaithe i gcaidrimh mheasúla ina mbíonn an t-oideoir i dtiúin le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, ag aithint rudaí ar leith de réir a chéile a chabhraíonn le próifíl uathúil de scéal a mbeatha a chur le chéile. Is sampla de thabhairt faoi deara é foghlaim na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a dhoiciméadú, ar féidir é a úsáid ansin chun aithne a chur ar an naíonán, lapadán nó leanbh óg.

Chun foghlaim agus forbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga a thabhairt faoi deara, tá feasacht ann ar thábhacht na timpeallachta sábháilte, seasmhaí, ionchuimsithí agus sona, inar féidir leo a bheith tumtha ina gcuid súgartha. Baineann tabhairt faoi deara le meas a léiriú ar ghuth gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig agus meas a léiriú ar thábhacht an mhéid atá á insint acu dúinn (Tábla 3).

Tábla 3: Rudaí atá tábhachtach do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a thabhairt faoi deara

| Tabhairt faoi deara: | |
|---|---|
| • **A spéiseanna** | 'Is breá liom tarracóirí.' |
| • **A n-uathúlacht** | 'Is maith liom a bheith i mo shuí in áit chiúin sula mbíonn mo bhricfeasta agam' |
| • **Na rudaí atá tábhachtach dóibh** | 'Tá Daideo ag teacht ar cuairt.' |
| • **Tréimhsí sonais** | 'Is féidir liom lámhacán chomh fada leis an doras.' |
| • **A ngnóthachtálacha** | 'Dhreap mé suas chuig barr an tsleamhnáin.' |
| • **Na rudaí a chuireann imní orthu** | 'Ní theastaíonn uaim codladh i gcliabhán anseo.' |
| • **A ndul chun cinn** | 'Is féidir liom túr sé stór a thógáil.' |
| • **A gcuspóirí** | 'Bhí mise ag iarraidh cabhrú bia a thabhairt dó.' |

## Cothú

Nuair a bhíonn an t-am agus an spás ag an oideoir chun aithne a chur ar na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, is féidir leo na rudaí atá tábhachtach dóibh agus tábhachtach acu a fheiceáil. Is éard a bhíonn i gceist leis an gcothú ná an t-oideoir ag plé agus ag cumarsáid leis an naíonán, lapadán nó leanbh óg chun iad a chothú agus oideachas a chur orthu trína chleachtas. Dírítear aird ar an am i láthair. Tá muinín ag an oideoir as an naíonán, lapadán agus leanbh óg, go mbeidh siad ag stiúradh na taiscéalaíochta agus fiosrúcháin, ag cothú a gcumais atá ag forbairt i bpróiseas an tsúgartha.

**Baineann cothú leis an bhfoghlaim a aithint, a ainmniú agus a dhearbhú san am i láthair.**


Tá Molly socair suaimhneach i mo bhaclainn. Inniu táim chun an t-am a chur ar leataobh chun a cuid ama sosa a roinnt léi agus chun éisteacht le ceol le chéile. Tacaíonn seo lenár bhfolláine agus lenár gceangal.

**Ag cothú i dtimpeallacht foghlama an bhaile**

Tugaim cúisín agus blaincéad do Filip agus Ellie agus fágaim ciseán na leabhar in aice láimhe. Feicim an chaoi a bhfuil siad ag déanamh cumarsáide lena chéile agus ag athchruthú an scéil ar a mbealach féin. Díríonn siad a méar ar phictiúir agus suím in aice láimhe chun tacú leo nuair a thugann siad comhartha dom páirt a ghlacadh.

**Ag cothú i suíomh na luath-óige**

Baineann cothú leis an méid is féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a dhéanamh a aithint, a ainmniú agus a dhearbhú, an fhoghlaim atá ag tarlú chomh maith lena gcumas féin a fheiceáil. Tarraingítear aird ar thábhacht na gcaidreamh, na n-idirghníomhaíochtaí agus na cumarsáide. Spreagann an cothú rannpháirtíocht ghníomhach na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga in eispéiris agus deiseanna laethúla, ag aithint a meonta, a scileanna, a ndearcthaí agus a luachanna, a n-eolais agus a dtuisceana. D'fhéadfadh baint a bheith aige le meonta cineáltais a chothú nuair a bhíonn siad ag roinnt le cairde. D'fhéadfadh a dtuiscint a chothú ar riachtanais daoine eile a bheith i gceist. D'fhéadfadh a spéis sa cheol a chothú a bheith i gceist freisin, trí chanadh in éindí leo.




Fíor 6: Naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a chothú

Bíonn an cumas foghlama le feiceáil nuair a aithníonn, a ainmníonn agus a dhearbhaíonn na hoideoirí an méid a chuireann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le cásanna difriúla mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha. Agus iad i dtiúin le heispéiris na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, is féidir le hoideoirí Spriocanna Foghlama de chuid Théamaí *Aistear* a úsáid chun foirmeacha éagsúla an eolais agus na foghlama a aithint agus a chothú (Fíor 6).

## Freagairt

Is ionann freagairt agus an chaoi a n-úsáideann an t-oideoir a thuiscint chun cur le foghlaim agus forbairt na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, an fhoghlaim agus an fhorbairt a neartú agus a leathnú amach.

**Is ionann an fhreagairt agus pleanáil a dhéanamh don fhoghlaim agus í a leathnú amach.**

Tá cuspóir ann maidir le conas a fhreagraíonn an t-oideoir don naíonán, lapadán nó leanbh óg, bunaithe ar a chuid eolais chomh maith lena chaidreamh leis an naíonán, lapadán agus leanbh óg. D'fhéadfadh an fhreagairt tarlú sa spás cothaithe trí mheangadh gáire a dhéanamh, barróg a thabhairt, sméideadh ar dhuine nó ordóg a chur san aer nó d'fhéadfaí rud éigin a rá le duine chun aitheantas nó spreagadh a thabhairt dó. Baineann sé freisin leis an eispéireas foghlama a leathnú amach ionas go ndéanann na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga dul chun cinn.

Táim chun labhairt le Molly nuair a bhíonn a clúidín le hathrú. Má chanaim agus má bhím ag idirghníomhú léi, d'fhéadfadh nach gcuirfeadh na gnáthaimh seo isteach uirthi. Inseoidh mé di céard atá ar siúl agam agus cuirfidh mé focail ar a cuid eispéireas.

**Ag freagairt i dtimpeallacht foghlama an bhaile**

Ag cruthú ciseán scéil ina bhfuil prapaí don scéal is ansa le Filip – ainmhithe éagsúla curtha leis chomh maith le táibléid dhaite. Ag cur lena thuiscint ar an domhan trí ainmhithe a ainmniú agus trí choincheapa agus stór focal nua a bhaineann le dath, comhaireamh agus meaitseáil a thabhairt isteach freisin. A bheith aireach ar spás a chruthú inar féidir leis féin agus Ellie an t-eispéireas foghlama a roinnt.

**Ag freagairt i suíomh na luath óige**

Is féidir le freagairt tarlú ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh ceisteanna oscailte a bheith i gceist, a chuirtear chun naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a spreagadh chun tuilleadh smaoinimh a dhéanamh faoi rud éigin. D'fhéadfadh go mbeadh acmhainní nó múscailtí éagsúla eile ag teastáil don fhreagairt, nó b'fhéidir gníomhaíocht nua a phleanáil chun tabhairt faoi ghné nua den fhiosrúcháin. D'fhéadfadh baint a bheith aici freisin le taighde a dhéanamh leis na naíonáin, na lapadáin nó leanaí óga, nó dóibh, faoi ábhar nó faoi straitéis foghlama.

Tarlaíonn an phleanáil ar bhonn leanúnach agus is féidir léi a bheith spontáineach, gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach, ag brath ar spéiseanna, cumais agus fiosrúcháin na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga ag pointe ama faoi leith. Freagraíonn pleanáil agus cur i bhfeidhm curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú don phróiseas seo de na rudaí tábhachtacha agus ábhartha do shaol na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, a teaghlaigh agus a bpobail a thabhairt faoi deara agus a chothú. D'fhéadfaí an curaclam a phleanáil thart ar roinnt, nó gach ceann de na foinsí a luaitear i bhFíor 7.




Fíor 7: An curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a phleanáil

Cuireann Téamaí *Aistear* creatlach solúbtha ar fáil chun curaclam freagrúil, ionchuimsitheach agus cothrom a fhorbairt, a bhfuil Fís agus Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha mar bhonn faoi. Lena linn sin, freagraíonn an timpeallacht ionchuimsitheach foghlama do riachtanais, cearta, spéiseanna agus inniúlachtaí na ndaoine faoi leith sa ghrúpa, ag cruthú na héascaíochta agus srutha an lae nuair a bhíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga rannpháirteach ar bhealach fiúntach in eispéiris thaitneamhacha foghlama, ina n-aonar nó le cairde.

## Machnamh

Baineann an t-oideoir machnamhach úsáid as eolas faoi fhoghlaim agus forbairt na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga chun smaoineamh faoina chleachtas ar bhonn leanúnach. Sa timthriall seo, baineann an fhreagairt le pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim chun tacú le neartú agus dul chun cinn na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha. Is féidir le hoideoirí machnamh a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le hoideoirí eile agus/nó gairmithe, nó trí chomhrá agus idirghníomhaíochtaí le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus a dteaghlaigh.

**Ciallaíonn machnamh smaoineamh faoi fhoghlaim agus í a léirmhíniú.**

Is éard atá i gceist le machnamh ná smaoineamh ar eispéiris agus teagmhais éagsúla agus iad seo a mheas ó pheirspeicíocht dhaoine eile chomh maith. Is éard a bhíonn i gceist leis an gcleachtas machnamhach ná a bheith ábalta eispéiris a léirmhíniú, tuiscint a fháil orthu agus cur síos a dhéanamh orthu, céard a d'oibrigh go maith agus cén fáth ar éirigh go maith leis agus conas is féidir cur leis. Baineann sé freisin le spás a chruthú chun do chuid braistintí agus mothúchán féin agus cinn na ndaoine eile a aithint – chun sos a ghlacadh, éisteacht agus tuiscint a fháil agus pleanáil do dhul chun cinn na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga.

**Aithním an luach a bhaineann le bheith ag caint agus ag canadh le Molly chun gnáthaimh laethúla a dhéanamh níos taitneamhaí. Aithním an chaoi a bhfuil sí do mo 'fhreagairt' agus go gcuireann mo ghuth ar a suaimhneas í. Tá a fhios agam go gcaithfidh mé scíth a ligean léi freisin – mothaímid go léir níos fearr nuair a chodlaímid!**

**Ag déanamh machnaimh i dtimpeallacht foghlama an bhaile**

**Ag smaoineamh ar an gcaoi gur féidir liom spás níos ciúine a chruthú i seomra an Bhabaí, áit nach gcuirfidh daoine eile isteach ar ghrúpaí beaga nó ar pháistí aonair ag súgradh. D'fhéadfadh seo cur as do roinnt daoine. Ag déanamh machnamh ar úsáid spáis lena roinnt ina réimsí spéise nó le húsáid a bhaint as áiteanna foscúla taobh amuigh le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo. Pléigh leis an mbainisteoir é agus, bain úsáid b'fhéidir as uirlis féinmheastóireachta don timpeallacht foghlama.**

**Ag déanamh machnaimh i suíomh na luath óige**

Cuireann an machnamh timthriall an thabhairt faoi deara, an chothaithe, na freagartha agus an mhachnaimh i gcrích, agus cuirtear tús le próiseas an tabhairt faoi deara arís, ag cur eolais ar cad atá tábhachtach do naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus dá dteaghlaigh. Spreagtar an t-oideoir chun forbairt a dhéanamh go leanúnach maidir le tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt.

## Measúnú fiúntach agus doiciméadú

Is próiseas leanúnach é an doiciméadú, a chruthaíonn scéal fhorbairt gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig agus léirítear conas atá siad ag fás, ag foghlaim agus ag athrú. Is féidir le doiciméadú na foghlama agus na forbartha tarlú i ngach céim den timthriall machnamhach agus bíonn tionchar díreach acu ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm an churaclaim. Cuireann doiciméadú fiúntach maidir le spéiseanna, meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint na naíonán, na lapadán agus na leanaí óga bonn eolais faoi churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú. Cuireann Prionsabail agus Téamaí *Aistear* beocht isteach ann agus feiceann an naíonán, lapadán, leanbh óg agus a dteaghlach an fhoghlaim.

Is ionann an doiciméadú freisin agus ardán chun cumarsáid a dhéanamh le gairmithe oideachais eile chun tacú le leanúnachas eispéireas agus dul chun cinn na foghlama. Léirítear aistear foghlama gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig trí thréimhsí tábhachtacha ina shaol a léiriú. I dtimpeallacht foghlama an bhaile, d'fhéadfaí na tréimhsí sin a bheith le feiceáil in albaim ghrianghraf, i bhfíseáin nó i ndialanna na dteaghlach. Sa suíomh luath-óige, d'fhéadfaí an fhoghlaim agus an fhorbairt a dhoiciméadú i ndialanna foghlama nó i ríomhphunanna, ag nascadh le Prionsabail agus Téamaí *Aistear*.

D'fhéadfadh comhdhoiciméadú agus comh-mheasúnú le naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus comhghleacaithe deis a chur ar fáil don mhachnamh, don aiseolas agus don fhoghlaim nua trí dhearcthaí éagsúla. D'fhéadfadh sé deiseanna a chur ar fáil chun athshúil a thabhairt ar an bhfoghlaim agus na fiosrúcháin le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, agus tús a chur leo arís.

Is féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga breithiúnais agus féinmheasúnú a dhéanamh maidir le:

- na rudaí a dhéanann siad go maith
- na rudaí a thaitníonn leo a dhéanamh
- na rudaí ar mhaith leo tuilleadh eolais a fháil amach fúthu
- na rudaí is féidir leo a dhéanamh anois le beagán cabhrach
- na rudaí ar mhaith leo a bheith ábalta a dhéanamh amach anseo.

Bíonn sé fiúntach an fhoghlaim agus an fhorbairt a dhoiciméadú nuair a chruthaítear é ag baint úsáid as réimse modhanna le léiriú cuimsitheach bunaithe ar láidreachtaí a fhorbairt den naíonán, den lapadáin agus den leanbh óg chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

**Is éard is measúnú ann ná an próiseas leanúnach beartaithe maidir le heolas a bhailiú agus a dhoiciméadú, machnamh a dhéanamh air, agus é a úsáid chun léirithe saibhre de naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt chun tacú agus cur lena gcuid foghlama.**

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le doiciméadú fiúntach, ach níl sé teoranta dóibh:

- Scéalta foghlama
- Nótaí starógacha
- Breathnuithe
- Comhráite
- Scéalta
- Tuairiscí
- Grianghraif
- Físeáin
- Ealaín
- Samplaí d'obair na bpáistí
- Dialanna cúraim laethúla
- Seicliostaí
- Eolas ón mbaile.

Is éard a bhíonn i gceist leis an measúnú fiúntach ná na cineálacha éagsúla doiciméad seo a aistriú go teoiricí maidir le conas a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Nuair a bhíonn aithne agus tuiscint ag an oideoir ar an naíonán, lapadán agus leanbh óg, is féidir leis measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim trína eolas ar an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt agus ar Phrionsabail agus Téamaí *Aistear*. Déanann an t-oideoir múscailtí ábhartha, fiúntacha agus mealltacha a phleanáil, a leagan amach agus a chur ar bun don súgradh agus don fhoghlaim. Cuireann na heispéiris sin ar chumas na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga, agus tugann siad an chumhacht dóibh, a gcuid meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolais agus tuisceana a léiriú agus a bheith gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach.

## Aistrithe


Bogann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga idir an baile agus áiteanna eile ina gcaitheann siad am gach lá.

**Is ionann aistriú agus an próiseas trína mbogtar ó shuíomh amháin go suíomh eile agus an t-am a ghlacadh chun dul i dtaithí ar an suíomh nua.**

Bíonn athruithe móra i gceist le haistrithe, mar shampla, dul i gcleachtadh ar fheighlí leanaí nua, tosú amach i suíomh luath-óige, seomraí a athrú nó bogadh go dtí an bhunscoil nó scoil speisialta. Bíonn gníomhaíochtaí níos minice i gceist le haistrithe chomh maith, mar shampla an t-aistriú ó ghníomhaíocht amháin go gníomhaíocht eile, ón taobh istigh go dtí amuigh faoin aer, laistigh de agus idir gnáthaimh laethúla, is iad sin clúidíní a athrú, béilí, agus amanna sosa.

Ní mór don oideoir a bheith airdeallach faoi shruth a chruthú idir na gnáthaimh laethúla, trí luas réchúiseach a choinneáil agus cabhrú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga an t-athrú a thuar agus déileáil leis. Is féidir le hoideoirí é seo a dhéanamh trí chaidrimh iontaofa, sheasmhacha, leanúnachas cúraim, gnáthaimh a bhfuil taithí acu orthu agus bonn sábháilte a chur ar fáil. Tá sé tábhachtach go gcabhraíonn oideoirí le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga tuiscint a fháil ar ghnáthaimh agus a mhíniú agus a thaispeáint dóibh céard é an chéad rud eile a tharlóidh, ar bhealach seasmhach, suaimhneach.

Tá gach aistriú tábhachtach, cé acu a tharlaíonn siad go laethúil in aon suíomh amháin, nó má bhíonn bogadh níos mó i gceist leo. Meastar gur próiseas é gach aistriú, a ghlacann am agus d'fhéadfadh sé níos mó ama a ghlacadh ar roinnt naíonán, lapadán agus leanaí óga ná a chéile chun dul i dtaithí ar chúrsaí agus seans go mbeadh tuilleadh tacaíochta agus cothaithe uathu. Tá sé tábhachtach go ndéantar bainistíocht ar na haistrithe go híogair, agus cuid thábhachtach de thacú le haistrithe is ea a chinntiú go bhfuil leanúnachas eispéiris ann chomh maith le dul chun cinn na foghlama agus na forbartha. Is féidir le hoideoirí tacú leis an naíonán, lapadán nó leanbh óg chun an t-aistriú a thuar, a thuiscint agus a bhainistiú. Tuigeann siad freisin an luach a bhaineann le bheith ag obair go comhoibríoch le teaghlaigh agus le gairmithe oideachais eile, ar foinsí ríthábhachtacha eolais iad uile, chomh maith le cúnamh agus treoir sa phróiseas aistrithe.




Fíor 8: Samplaí d'aistrithe

Tá caidrimh dhearfacha idir teaghlaigh, feighlithe leanaí, oideoirí luathbhlianta, suíomhanna agus scoileanna ríthábhachtach chun tacú le haistrithe toisc go mbíonn freagracht roinnte acu maidir le cúnamh a thabhairt do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg go n-éireoidh go maith leo agus go mbainfidh siad a gcumas ar leith amach. Is fusa an t-athrú nuair a mhothaíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga sábháilte agus nuair a bhíonn daoine thart orthu a bhfuil gean agus aithne acu orthu. Is anseo a bhíonn ról an phríomhtheagmhálaí agus na hoideolaíochta moille caidreamhaí ríthábhachtach. Gné thábhachtach eile is ea cur chuige comhpháirtíochta i leith a bheith ag obair le teaghlaigh. Nuair a bhíonn gach duine ag cumarsáid leis an naíonán, lapadán agus leanbh óg agus lena chéile, bíonn sé níos éasca dul i ngleic leis an athrú. Is éard a bhíonn i gceist leis seo ná eolas a roinnt le gach duine a bhfuil baint acu leis an scéal, agus le gairmithe ábhartha, más cuí. Ba cheart go mbeadh an t-oideoir réamhghníomhach maidir le bheith ag cumarsáid agus ag nascadh le teaghlaigh, ionas gur féidir le gach duine a bheith ag obair le chéile chun tacú le haistrithe, idir mhór agus bheag, toisc go bhfuil gach ceann tábhachtach don naíonán, don lapadáin agus don leanbh óg.

Is aistriú suntasach i saol páistí óga é bogadh go bunscoil nó go scoil speisialta, agus tá leanúnachas eispéiris agus dul chun cinn na foghlama an-tábhachtach sa chomhthéacs seo. Ach an caidreamh idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus scoileanna speisialta a thógáil, tacaítear le páistí agus lena dteaghlaigh le linn na gné suntasaí seo dá n-aistir oideachais. Tá tábhacht ar leith ag baint le faisnéis i dtaca le foghlaim agus forbairt a roinnt ag an bpointe aistrithe seo ionas go mbeidh múinteoirí in ann foghlaim faoin bpáiste óg agus eispéiris a phleanáil a chuireann ar a gcumas leanúint den dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama trasna an churaclaim. Cé gur le haghaidh earnálacha éagsúla iad *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023) tá siad ailínithe chun tacú le leanúnachas soiléir na n-eispéireas, agus dul chun cinn na foghlama do gach páiste agus iad ag bogadh ón réamhscoil go dtí bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá an t-ailíniú sin le feiceáil go háirithe i bPrionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha in *Aistear* agus i bPrionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe i gCreatchuraclam na Bunscoile (Fíor 9).




Fíor 9: Ailíniú idir Prionsabail *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile*

Tá an t-ailíniú sin le feiceáil go háirithe san fhócas sa dá chreat ar oideolaíocht súgartha. D'fhéadfadh impleachtaí dearfacha a bheith ag an mbéim seo ar ailíniú do chaidrimh agus rannpháirtíocht na bpáistí ag tréimhse aistrithe agus do thorthaí foghlama agus folláine níos fadtéarmaí chomh maith.

# Tagairtí

An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag https://curriculumonline.ie/primary/the-primary-curriculum-framework/

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/Early-Childhood



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland